An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht


FÁILTE

# Contents


Brollach ón Aire 3

Brollach ón Ardrúnaí 4

1 Réamhrá 5

2 Comhthéacs 6

2.1 Polasaithe 7

2.2 Comhthéacs reatha an chórais oideachais 8

2.3 Comhthéacs an chórais oideachais lán-Ghaeilge 8

3 Forbairt an pholasaí 15

3.1 Struchtúir mhaoirseachta 16

3.2 Comhairliúchán 16

3.3 Taighde 18

3.4 Plé le páirtithe leasmhara ar threo an pholasaí 18

4 Fís & croíphrionsabail 19

4.1 Fís don oideachas lán-Ghaeilge 20

4.2 Croíphrionsabail 20

4.3 Réimsí gnímh 21

5 Réimse gnímh: An earnáil a fhás 22

5.1 Fórsa saothair an oideachais lán-Ghaeilge 23

5.2 Soláthar oideachais lán-Ghaeilge a mhéadú 25

5.3 Cóiríocht 27

5.4 Soláthar oideachais d'fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais 27

5.5 Feasacht a ardú 28

6 Réimse gnímh: Caighdeáin agus treoir a fhorbairt 29

6.1 Caighdeáin agus critéir 30

6.2 Treoir agus táscairí dea-chleachtais 30

6.3 Cuairteanna tacaíochta 31

**7 Réimse gnímh: Tacú leis an gcleachtas gairmiúil** 32

7.1 Oide – An GaelAonad 33

7.2 Foghlaim ghairmiúil cheannairí scoile agus múinteoirí 33

7.3 Oideachas tosaigh múinteoirí 34

7.4 Droichead 35

7.5 Forbairt chumas ceannaireachta 35

7.6 Riachtanais speisialta oideachais 36

7.7 An Ghaeilge mar Theanga Bhreise 37

7.8 Dea-chleachtais a aithint agus a cheiliúradh 37

**8 Réimse gnímh: Inniúlacht teanga a chothú** 38

8.1 Inniúlacht teanga daltaí agus scoláirí 39

8.2 Inniúlacht teanga ceannairí scoile agus múinteoirí 40

8.3 Inniúlacht teanga bhaill foirne scoile 40

8.4 Inniúlacht teanga in eagraíochtaí eile 41

**9 Réimse gnímh: Acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe a sholáthar** 42

9.1 COGG 43

9.2 Cláir litearthachta 44

9.3 Acmhainní measúnaithe 44

9.4 Taighde agus an teicneolaíocht 45

9.5 Comhsheasmhacht téarmaíochta 45

**10 Réimse gnímh: Teaghlaigh agus pobail a spreagadh** 46

10.1 Pobail a chruthú & a chothú 47

10.2 Tacaíochtaí do thuismitheoirí/chaomhnóirí 47

10.3 Suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige lán-Ghaeilge – Naíonraí 48

10.4 Aistrithe 49

**11 Cur i bhfeidhm & meastóireacht** 50

11.1 Plean gnímh agus maoiniú 51

11.2 Comhoibriú tras-earnála & coiste comhairleach 51

11.3 Meastóireacht ar an bpolasaí 52

**Giorrúcháin** 53

**Leabharliosta** 54



# Brollach ón Aire

Is gné shaibhir den chóras oideachais í an t-oideachas lán-Ghaeilge. Is í an fhís atá againn leis an bpolasaí seo ná go mbeadh oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do chách, i suíomhanna oideachais atá ionchuimsitheach agus ilchultúrtha. Is mian linn bá agus grá a chothú don teanga agus don chultúr Gaelach i bpáistí agus i ndaoine óga le go leanfaidh siad ag úsáid na teanga go cumasach, mórtasach ar feadh a saoil. Is ar dlús is feabhas an chomhoibrithe idir mo roinn agus na páirtithe leasmhara is mó a bhraithfidh dul chun cinn na hoibre seo. Le faomhadh an pholasaí seo, tá spás nua is deiseanna tábhachtacha nuálaíocha á gcur ar fáil againn. Le gur féidir linn ár bhfís uaillmhianach a bhaint amach, tá sé riachtanach go mbeidh an roinn agus na páirtithe leasmhara trasna na hearnála ag obair go dlúth le chéile.

Tá an ionchuimsitheacht ag croí an chur chuige atá agam don chóras oideachais, agus tá sé mar chroíphrionsabal don pholasaí seo. Tá sé aitheanta sa taighde gur féidir le gach saghas foghlaimeora bláthú san oideachas lán-Ghaeilge, is cuma cén cúlra nó cén leibhéal cumais atá acu. Faoin bpolasaí seo, tabharfar tús áite do thacaíochtaí cuí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil an Ghaeilge agus an Béarla mar theangacha breise acu inár suíomhanna lán-Ghaeilge.

Tá tascfhórsa á bhunú ag an roinn mar phríomhghníomh faoin bpolasaí seo, a bhreathnóidh ar agus a dhéanfaidh moltaí maidir le bunú, forbairt agus inbhuanaitheacht múnlaí do sholáthar oideachais lán-Ghaeilge. Tabharfaidh an tascfhórsa an roinn agus na príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun comhoibriú lena chéile agus dul i ngleic leis na múnlaí éagsúla atá ann agus chun cur chuige a aithint agus a chomhdhearadh chun soláthar oideachais lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a mhéadú. Cinnteoidh sé seo go mbeidh ar ár gcumas cinntí stuama a dheanamh go comhoibríoch maidir le forás na hearnála. Beidh mé ag súil le moltaí an tascfhórsa a fháil, agus le foghlaim uathu siúd a bhfuil dlúthbhaint acu leis an earnáil maidir le conas is féidir linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dteannta a chéile don oideachas lán-Ghaeilge.

Tá an polasaí seo bunaithe ar cheithre chroíphrionsabal: ardchaighdeán comhsheasmhach oideachais a sholáthar, ionchuimsitheacht, comhoibriú trasna na hearnála, agus inbhuanaitheacht. Tá sé de sprioc againn a chinntiú go bhfuil tumoideachas ar ard-chaighdeán á chur ar fáil ar bhonn comhsheasmhach ar fud an chórais oideachais lán-Ghaeilge a chothaíonn inniúlacht ard teanga. Ar bhonn praiticiúil, ciallaíonn sé sin gur gá dúinn an earnáil a fhás trí bhéim a leagan ar sholáthar múinteoirí le hardchumas teanga, tacú leis an gcleachtas gairmiúil dóibh siúd atá ag múineadh faoi láthair, agus dul i ngleic le teaghlaigh agus pobail chun iad a spreagadh le hoideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí.

Níor chóir breathnú ar an nGaeilge mar dhéantán stairiúil nó mar ábhar scrúdaithe amháin. Is teanga bhríomhar, bheo í a úsáidtear i gcomhthéacsanna éagsúla ar fud na tíre ar bhonn laethúil. Tá ár nGaelscoileanna agus ár nGaelcholáistí i gcroílár an scéil, agus beidh sé mar aidhm ag an bpolasaí seo a chinntiú go mbeidh na tacaíochtaí riachtanacha acu chun an earnáil a fhás. Mar a aithníodh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, braitheann an méid atá i ndán don teanga ar dhaoine a roghnóidh go cinnte leas a bhaint as na deiseanna a chruthófar. Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe in earnáil na Gaeilge agus in earnáil an oideachais chun na deiseanna sin a chur ar fáil agus iad a thapú le chéile.

Helen McEntee, TD
An tAire Oideachais agus Óige



# Brollach ón Ardrúnaí

Tá an-áthas orm an polasaí seo don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a chur faoi bhur mbráid. Is forbairt thábhachtach í foilsiú an pholasaí chun tacú le forás na hearnála oideachais lán-Ghaeilge sna blianta atá romhainn.

Forbraíodh an polasaí seo bunaithe ar chomhairliúchán poiblí fairsing agus ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuir a dtuairimí, a saineolas agus a dtaithí ar fáil le linn an phróisis seo, lena n-áirítear páistí agus daoine óga inár scoileanna, tuismitheoirí, caomhnóirí, ceannairí scoile, múinteoirí agus páirtithe leasmhara ó earnáil an oideachais agus ó earnáil na Gaeilge.

Tá forbairt an pholasaí treoraithe ag Grúpa Oibre Ionrannach agus ag Coiste Stiúrtha comhdhéanta de ranna rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuidigh le forbairt an pholasaí seo agus a roinn a saineolas agus a dtuiscint ar an earnáil linn.

Is é misean na Roinne Oideachais agus Óige gnóthachtáil a lánacmhainneachta a éascú do leanaí agus do dhaoine óga tríd an bhfoghlaim chun cur le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann. Cuirfidh an polasaí seo don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go mór leis seo, ag cinntiú go dtabharfar tacaíocht do shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge chun eispéiris oideachais atá saibhir agus ar ardchaighdeáin a chur ar fáil dár bpáistí agus dár ndaoine óga, le béim ar leith ar ár dteanga agus ar ár gcultúr.

Tá cuimsiú ar cheann de na croíphrionsabail atá mar bhonn ag an mbeartas seo. Cuireann Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí fáilte roimh pháistí agus daoine óga le cúlraí éagsúla agus a bhfuil riachtanais oideachais éagsúla acu, agus cuireann siad oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú leo a gcuid torthaí oideachais a bhaint amach. Cuirfidh gníomhartha faoin bpolasaí dlús leis seo, ag cinntiú go bhfuil suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge ionadaíoch ar ár sochaí agus go mbeidh a fhios ag gach duine go mbeidh céad míle fáilte rompu inár nGaelscoileanna agus Gaelcholáistí.

Tá fís uaillmhianach na roinne d'earnáil an oideachais lán-Ghaeilge leagtha amach sa pholasaí seo – go mbeidh oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine ar mian leo é a roghnú i suíomhanna oideachais atá cuimsitheach agus ilchultúrtha. Is tús é foilsiú an pholasaí seo ar thuras i dtreo na físe sin a bhaint amach, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe oideachais agus lenár bpáirtithe leasmhara. Beidh dúshláin roimh an turas seo sa chomhthéacs eacnamaíoch agus déimeagrafach ina bhfuilimid ag feidhmiú agus an polasaí seo á fhoilsiú, agus beidh nuálaíocht agus comhoibriú ríthábhachtach. Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara ar fad sna blianta amach romhainn chun na gníomhartha atá leagtha amach faoin bpolasaí seo a chur chun cinn, rud a chinnteoidh go mbeidh na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do shuíomhanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre. Ní neart go cur le chéile.

Bernie McNally
Ardrúnaí, An Roinn Oideachais agus Óige

# 1 Réamhrá

Is sainghné shaibhir luachmhar de chóras oideachais na hÉireann é an t-oideachas trí mheán na Gaeilge. Tugann sé deis do pháistí agus do dhaoine óga bheith dátheangach agus leas a bhaint as na buntáistí cognaíocha agus cultúrtha atá cruthaithe teacht leis an dátheangachas. Cuidíonn sé le caomhnú agus cur chun cinn na teanga agus cuireann sé ar chumas an aosa óig a bhféiniúlacht, a gcultúr féin agus a n-oidhreacht theangeolaíoch a uchtú. Tá ról tábhachtach ag an oideachas lán-Ghaeilge maidir leis na spriocanna sa Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge a chur chun cinn, lena n-áirítear "sochaí dhátheangach a fhorbairt ina mbeidh an oiread daoine agus is féidir in ann Gaeilge agus Béarla a úsáid chomh héasca lena chéile". Tá sé aitheanta gur féidir le gach saghas foghlaimeora bláthú san oideachas lán-Ghaeilge, is cuma cén cúlra nó cén leibhéal cumais atá acu. Tugann an polasaí seo aitheantas do ról na Gaeilge mar theanga bheo, nua-aimseartha trínar féidir clár oideachais den scoth a sheachadadh.



# 2 Comhthéacs

# 2 Comhthéacs

Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil an polasaí seo don oideachas lán-Ghaeilge, agus na gníomhartha a eascraíonn as, fite fuaite le polasaithe agus le straitéisí eile atá i bhfeidhm nó á bhforbairt ag an Roinn Oideachais agus Óige, ag ranna stáit eile, agus ag an Rialtas. Agus an polasaí á dhearadh, rinneadh gach iarracht a chinntiú go mbeadh comhtháthú ann leis na polasaithe agus na straitéisí éagsúla sin.

Tá tírdhreach an chórais oideachais de shíor ag claochlú agus ag athrú. Agus an polasaí á chur i bhfeidhm, beidh gá leanúnach a chinntiú go gcuirtear riachtanais an chórais oideachais lán-Ghaeilge san áireamh sna forbairtí a tharlóidh amach anseo agus go mbeidh an earnáil oideachais lán-Ghaeilge ag freagairt i gcónaí do riachtanais na bhfoghlaimeoirí ar fad a bheidh faoina cúram.

## 2.1 Polasaithe

### 2.1.1 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Tá an córas oideachais lárnach i gcur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Tá an-chuid bainte amach faoin straitéis sin go dtí seo, go háirithe maidir le forbairt curaclaim, tacaíochtaí do scoileanna Gaeltachta, agus oideachas múinteoirí. Aithnítear gníomhartha sa straitéis chun tacú leis an oideachas lán-Ghaeilge ag gach leibhéal ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige (FCLÓ), tríd an mbunscolaíocht agus ar aghaidh go dtí an iar-bhunscolaíocht. Tacóidh an polasaí seo le tuilleadh gníomhartha sa straitéis a chur chun cinn.

### 2.1.2 Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta in 2016 chun tacú le húsáid na Gaeilge agus chun í a chur chun cinn i bpobail Ghaeltachta trí sholáthar oideachais lán-Ghaeilge a neartú i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta. Tógfaidh an polasaí seo ar an méid atá bainte amach ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta chun earnáil láidir lán-Ghaeilge a chothú.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ó seoladh é. Tríd an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, tá tacaíochtaí curtha ar fáil do scoileanna Gaeltachta chun cabhrú leo an tumoideachas[1] a chur i bhfeidhm agus pobal labhartha Gaeilge a chothú ina gceantair; tá an tionscadal nuálach ríomh-mhol ag cur réimse níos leithne ábhar ar fáil do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta; agus tá an clár B.Oid. trí mheán na Gaeilge agus an M.Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag dul ó neart go neart.

Go deimhin, tacaíonn roinnt de na gníomhartha a d'eascair as an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta le scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith – soláthar treoirlínte, obair An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) maidir le hacmhainní teagaisc agus foghlama (An Tairseach ar líne san áireamh), agus cláir oiliúna do mhúinteoirí, mar shampla. Táthar ag súil anois go mbeidh tairbhe le baint ag scoileanna Gaeltachta as gníomhartha an pholasaí seo don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith céanna.

1 Is é an bhrí atá le 'tumoideachas' sa cháipéis seo ná oideachas a chur ar fáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge, lasmuigh de mhúineadh teangacha eile, ionas go bhfuil na foghlaimeoirí tumtha sa teanga.

### 2.1.3 Plean Náisiúnta do Sholáthar na Gaeilge i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus i gCúram Leanaí d'Aois Scoile

Tá plean náisiúnta á fhorbairt ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC) don Ghaeilge d'earnáil fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus do chúram leanaí d'aois scoile. Tacóidh na gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm faoi phlean náisiúnta RLMC agus faoin bpolasaí seo le leanúnachas a chur ar fáil do pháistí agus iad ag sealbhú na Gaeilge ó na luathbhlianta ar aghaidh.

### 2.1.4 Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla

Tá plean gnímh forbartha ag an Roinn Oideachais agus Óige chun tacú le múineadh agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla. Tapaíodh deiseanna sineirgí a chruthú idir an plean gnímh sin agus an polasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge trasna an chórais oideachais.

### 2.1.5 Polasaithe agus straitéisí eile na Roinne Oideachais agus Óige

Tá sé tábhachtach go mbeidh leanúnachas idir polasaithe agus straitéisí éagsúla na roinne agus an polasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus go mbeidh siad comhtháite ar bhealach fónta. Agus an polasaí seo á dhréachtú, d'oibrigh grúpa oibre ionrannach na roinne i gcomhar le comhghleacaithe trasna na hearnála le cinntiú gur cuireadh na polasaithe ábhartha san áireamh.

Ina theannta sin, bíonn an Roinn Oideachais agus Óige ag comhoibriú go leanúnach le ranna rialtais eile i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm polasaithe éagsúla. Tá na gealltanais atá tugtha ag an roinn i gcomhthéacs na bpolasaithe agus na straitéisí eile curtha san áireamh agus an polasaí seo á fhorbairt. Tá an roinn ag tacú, freisin, leis an obair atá ar siúl chun an cuspóir in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a bhaint amach – go mbeadh 20% d'earcaithe nua don tseirbhís phoiblí inniúil sa Ghaeilge.

## 2.2 Comhthéacs reatha an chórais oideachais

Tá forbairtí domhanda agus náisiúnta laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais ag imirt tionchar suntasach ar scoileanna – ar fhoirne scoile, ar phobal scoileanna, ar dhaltaí agus ar scoláirí – agus ar ár gcóras oideachais. Tá líon na scoláirí sa chóras trí chéile ag titim. Tá níos mó éagsúlachta sna scoileanna. Tá claochlú seasta ann i réimse na teicneolaíochta. Tá riachtanais ann an curaclam a athfhorbairt le cinntiú go bhfuil daoine óga á n-ullmhú do na dúshláin agus na deiseanna atá os a gcomhair. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a eascraíonn as na forbairtí seo go léir agus bheith réamhghníomhach ina leith sna blianta atá romhainn.

## 2.3 Comhthéacs an chórais oideachais lán-Ghaeilge

Foilsíodh tuairisc in 2022, mar chuid den phróiseas comhairliúcháin don pholasaí seo, a thug léargas ar an soláthar don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Leagtar amach sonraí uasdátaithe sa mhír seo maidir le roinnt de na réimsí a clúdaíodh sa tuairisc sin.

Aithníodh roinnt réimsí sa tuairisc a bhféadfadh an roinn díriú orthu sa chomhairliúchán agus i bhforbairt an pholasaí. Bhain siad seo, mar shampla, leis an aistriú ón mbunscolaíocht go dtí an iar-bhunscolaíocht (go háirithe do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais agus do scoláirí ó bhunscoileanna meán-Bhéarla), le soláthar scoileanna, agus le hionchuimsitheacht. Tá gníomhartha aitheanta sa pholasaí seo, agus sa phlean gnímh a ghabhann leis, chun díriú ar na ceisteanna sin.


### 2.3.1 Suíomhanna na scoileanna

Tugann na léarscáil thíos léiriú fisiúil ar shuíomhanna na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge trasna na tíre. Tá 252 bhunscoil lán-Ghaeilge sa tír, 151 acu lasmuigh den Ghaeltacht. Ag an iar-bhunleibhéal, tá 50 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (29 acu lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht) agus 16 aonad (14 lasmuigh den Ghaeltacht).

*Léarscáil 1: Suíomhanna na mbunscoileanna lán-Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, 2025*



*Léarscáil 2: Suíomhanna na n-iarbhunscoileanna agus na nAonad/Sruthanna lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht, 2025*



### 2.3.2 Bunscoileanna

Mar a leagtar amach i dTábla 1 thíos, bhí 36,303 dalta cláraithe i nGaelscoileanna in 2024, arbh ionann é sin agus 6.8% de rollacháin na ndaltaí ag an mbunleibhéal lasmuigh den Ghaeltacht.

*Tábla 1: Líon na mbunscoileanna agus na rollachán lasmuigh den Ghaeltacht, 2024*

| Cineál Scoile | Líon na scoileanna | Céatadán na scoileanna | Líon na rollachán | Céatadán na rollachán |
|---|---|---|---|---|
| Gaelscoileanna | 151 | 5.1% | 36,303 | 6.8% |
| Gach bunscoil | 3,082 | 100.0% | 542,379 | 100.0% |

Tá 27 Gaelscoil a bhfuil stádas DEIS acu. Is ionainn sin agus 18% de na Gaelscoileanna go léir.

*Tábla 2: Gaelscoileanna le stádas DEIS, Meán Fómhair 2024*

| | Gaelscoileanna | Gach bunscoil (Gaelscoileanna san áireamh) |
|---|---|---|
| Líon na scoileanna le stádas DEIS | 27 | 961 |
| % na scoileanna le stádas DEIS | 18.0% | 31.0% |
| Líon na rollachán i scoileanna le stádas DEIS | 4,236 | 152,440 |
| % na rollachán i scoileanna le stádas DEIS | 11.7% | 28.1% |

Léirítear sonraí i dTábla 3 maidir le náisiúnacht na ndaltaí i nGaelscoileanna. Cé go bhfuil méadú 66% tagtha ar chéatadán na ndaltaí i nGaelscoileanna a bhfuil náisiúnacht seachas náisiúnacht Éireannach acu ó foilsíodh na sonraí céanna in 2022, is mó seans fós go bhfreastalóidh daltaí leis an gcúlra sin ar scoileanna meán-Bhéarla.

*Tábla 3: Náisiúntacht na ndaltaí i nGaelscoileanna, 2024*

| | Gaelscoileanna | | Gach bunscoil (Gaelscoileanna san áireamh) | |
|---|---|---|---|---|
| Cur síos ar an náisiúntacht | Rollachán | % | Rollachán | % |
| Éire (lena n-áirítear dé-náisiúntacht) | 35,268 | 98.34% | 449,998 | 85.06% |
| Náisiúntachtaí Eile | 597 | 1.66% | 79,064 | 14.94% |
| Iomlán | 35,865 | 100% | 529,062 | 100.00% |

Léirítear éiteas na nGaelscoileanna, i gcomparáid le scoileanna uile na tíre, i dTábla 4. Mar is léir, tá éiteas Caitliceach ag formhór na scoileanna, mar a tharlaíonn go ginearálta i mbunscoileanna ar fud na tíre; ach tá céatadán i bhfad níos suntasaí de Ghaelscoileanna (26% i gcomparáid le 6% de na scoileanna go léir) idirchreidmheach nó ilchreidmheach.

*Tábla 4: Éiteas Gaelscoileanna, 2024*

| | Gaelscoileanna | | Gach bunscoil (Gaelscoileanna san áireamh) | |
|---|---|---|---|---|
| Caitliceach | 111 | 73.51% | 2,720 | 88.25% |
| Éiteas Reiligiúnach Aonair Eile | 0 | 0.00% | 190 | 6.16% |
| Idirchreidmheach | 16 | 10.60% | 16 | 0.52% |
| Ilchreidmheach | 24 | 15.89% | 156 | 5.06% |
| **Iomlán** | **151** | **100.00%** | **3,082** | **100.00%** |

### 2.3.3 Iar-bhunscoileanna

Tá 722 iar-bhunscoil san iomlán sa tír, agus is Ghaelcholáistí iad 29 díobh sin. Tá aonad nó sruth i 14 scoil lasmuigh den Ghaeltacht. Léirítear sonraí i dTábla 5 maidir le rollacháin sna scoileanna sin in 2024.

*Table 5: Rollacháin i nGaelcholáistí agus in Aonaid/Sruthanna lasmuigh den Ghaeltacht, 2024*[2]

| School Type | Líon na scoileanna | Céatadán na scoileanna | Líon na rollachán | Céatadán na rollachán |
|---|---|---|---|---|
| Gaelcholáistí | 29 | 4.02% | 10,533 | 2.48% |
| Aonaid/Sruthanna lasmuigh den Ghaeltacht | 14 | 1.94% | 1,577 | 0.37% |
| Gach iar-bhunscoil | 722 | 100.00% | 425,411 | 100.00% |

Mar atá le feiceáil i dTábla 6, tá stádas DEIS ag 14 Ghaelcholáiste. Is ionann sin agus 28% de na Gaelcholáistí.

*Tábla 6: Gaelcholáistí le stádas DEIS, 2024*

| | Gaelcholáistí | Gach iar-bhunscoil (Gaelcholáistí an áireamh) |
|---|---|---|
| Líon na scoileanna le stádas DEIS | 14 | 232 |
| % na scoileanna le stádas DEIS | 28% | 32% |
| Líon na rollachán i scoileanna le stádas DEIS | 3,350 | 110,266 |
| % na rollachán i scoileanna le stádas DEIS | 23.59% | 26.81% |

2 Tagann na sonraí sa tábla seo ó dhá fhoinse éagsúil. Bailíodh sonraí maidir le rollacháin in Aonaid/Sruthanna trí chumarsáid dhíreach le scoileanna.Bailíodh na sonraí eile tríd an gcóras P-POD.

Mar a léirítear i dTábla 8, tá formhór na nGaelcholáistí ilchreidmheach, agus níl ach 31% de na scoileanna a bhfuil éiteas Caitliceach acu.


*Tábla 7: Náisiúntacht na scoláirí i nGaelcholáistí, 2024*

| | Gaelscoileanna | | Gach iar-bhunscoil (lena n-áirítear Gaelcholáistí) | |
|---|---|---|---|---|
| **Cur síos ar an náisiúntacht** | **Enrolment** | **%** | **Enrolment** | **%** |
| Éireannach (lena n-áirítear dé-náisiúntacht) | 10,405 | 98.78% | 368,849 | 86.70% |
| Náisiúntachtaí eile | 128 | 1.22% | 56,562 | 13.30% |
| **Iomlán** | **10,533** | **100.00%** | **425,411** | **100.00%** |

Mar a léirítear i dTábla 8, tá formhór na nGaelcholáistí ilchreidmheach, agus níl ach 31% de na scoileanna a bhfuil éiteas Caitliceach acu.

*Tábla 8: Gaelcholáistí de réir éitis, 2024*

| | Gaelcholáistí | | Gach iar-bhunscoil (Gaelcholáistí san áireamh) | |
|---|---|---|---|---|
| Catholic | 9 | 31.00% | 334 | 48.20% |
| Idirchreidmheach | 5 | 17.20% | 138 | 19.91% |
| Ilchreidmheach | 15 | 51.70% | 195 | 28.14% |
| **Iomlán** | **0** | **0.00%** | **26** | **3.75%** |



# 3 Forbairt an pholasaí

# 3 Forbairt an pholasaí

## 3.1 Struchtúir mhaoirseachta

Bunaíodh grúpa oibre ionrannach laistigh den Roinn Oideachais agus Óige chun na rannáin ábhartha a thabhairt le chéile chun an polasaí a fhorbairt.

Bunaíodh coiste stiúrtha le hionadaithe ó na ranna agus na gníomhaireachtaí rialtais ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an pholasaí. Bhí ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas ar an gCoiste Stiúrtha:

- An Roinn Oideachais agus Óige
- An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC)
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG)
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE)
- Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Foras na Gaeilge
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
- Oide.

Rinne an dá ghrúpa seo maoirseacht ar an taighde agus ar an bpróiseas comhairliúcháin atá mar bhonn eolais don pholasaí, agus bhí ról lárnach acu i bhforbairt an pholasaí.

## 3.2 Comhairliúchán


Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, chuir an Roinn Oideachais agus Óige próiseas comhairliúcháin cuimsitheach ar bun chun tuairimí an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a bhailiú.

Sa chéad tréimhse den chomhairliúchán, cuireadh ceistneoir faoi bhráid an phobail agus tugadh cuireadh do ghrúpaí agus do dhaoine aonair aighneachtaí scríofa a chur faoi bhráid na roinne.

Sa dara tréimhse rinneadh fiosrú ar théamaí ar leith a bhí ag teacht chun cinn trí ghrúpaí fócais a reáchtáil le daltaí bunscoile, scoláirí iar-bhunscoile, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, oideoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile.

Sa tríú tréimhse den chomhairliúchán, reáchtáladh cruinnithe idir oifigigh na roinne agus páirtithe leasmhara ábhartha chun na tuairimí a léiríodh a chíoradh.

Rinne Sealbhú, lárionad taighde i DCU, anailís ar an eolas ar fad a bailíodh le linn an chomhairliúcháin agus chuir siad sraith tuairiscí faoi bhráid na roinne inar tugadh léargas ar na tuairimí, dearcthaí agus moltaí a roinneadh leis an roinn le linn na dtréimhsí éagsúla den chomhairliúchán poiblí.


Comhairliúchán fairsing
Múinteoirí
Cúntóirí riachtanas speisialta
Ceannairí scoile
Múinteoirí faoi oiliúint
Tuismitheoirí/ caomhnóirí
Páirtithe leasmhara oideachais
Páistí agus daoine óga
Páirtithe leasmharaí Gaeilge
5,492 ceistneoirí ar líne
159 aighneachtaí scríofa
29 fócasghrúpaí
29 cruinnithe déthaobhacha

## 3.3 Taighde

Glacadh réimse gníomhartha lena chinntiú go mbeadh an taighde agus an fhianaise reatha mar bhonn eolais don pholasaí seo.

Foilsíodh dhá thuarascáil ilchodacha ar thorthaí cigireachta ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i nGaelscoileanna agus i nGaelcholáistí, a chlúdaigh an tréimhse 2017 go 2020, in earrach na bliana 2021. Tugtar léargas cabhrach sna tuarascálacha seo ar théamaí ábhartha a bhaineann le cleachtas i scoileanna.

D'ullmhaigh Grúpa Oibre Ionrannach na Roinne Oideachais agus Óige tuarascáil ar an soláthar don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, inar tugadh léargas ar staid reatha na hearnála. Foilsíodh an tuairisc sin i bhfómhar na bliana 2022 chun eolas a chur ar fáil dóibh siúd a bhí ag glacadh páirt sa phróiseas comhairliúcháin.

D'ullmhaigh Sealbhú athbhreithniú ar an litríocht maidir leis an tumoideachas trí mheán teanga mhionlaigh, arna choimisiúnú ag an Roinn Oideachais agus Óige, inar cuimsíodh deich ndlínse éagsúla. Cuireadh an méid a foghlaimíodh ó na comhthéacsanna éagsúla sin san áireamh sna moltaí a chuir Sealbhú faoi bhráid na roinne mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

Choimisiúnaigh COGG taighde maidir le haonaid lán-Ghaeilge in iar-bhunscoileanna meán-Bhéarla. Foilsíodh an taighde sin i samhradh na bliana 2024. Tugtar léargas sa taighde ar na dúshláin ar leith atá ann maidir le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil in aonaid sa chomhthéacs reatha.

## 3.4 Plé le páirtithe leasmhara ar threo an pholasaí

Bunaithe ar an taighde agus an comhairliúchán, chuir an roinn Creat don Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i dtoll a chéile, a bhí mar bhunús do phlé ag ollchruinniú comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Sa cháipéis sin, aithníodh na téamaí a d'eascair as an taighde agus an comhairliúchán, agus tugadh léargas ar threo beartaithe an pholasaí. Cuireadh na moltaí a bhfuarthas ag an ollchruinniú sin san áireamh agus an polasaí á ullmhú.

# 4 Fís & croíphrionsabail

# 4 Fís & croíphrionsabail

## 4.1 Fís don oideachas lán-Ghaeilge

Is í ár bhfís:

- Go mbeidh oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do chách, i suíomhanna oideachais atá ionchuimsitheach agus ilchultúrtha.
- Go gcothófar bá agus grá ar leith don teanga agus don chultúr Gaelach sna páistí agus sna daoine óga le go leanfaidh siad ag úsáid na teanga go cumasach, mórtasach ar feadh a saoil.
- Go mbeidh éiceachóras tacaíochtaí agus acmhainní cuí ar fáil do shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge agus dá bpobail.

## 4.2 Croíphrionsabail

Aithníodh ceithre chroíphrionsabal atá lárnach don pholasaí seo agus don phlean gnímh a ghabhann leis. Trasnaíonn na prionsabail seo na réimsí gnímh go léir agus beidh siad le sonrú go láidir agus an polasaí á chur i bhfeidhm.

### 4.2.1 Ardchaighdeán comhsheasmhach

Beifear ag díriú faoin bpolasaí seo ar oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil go comhsheasmhach ar fud an chórais oideachais lán-Ghaeilge. Cinnteoidh sé seo go mbeidh eispéiris foghlama ar ardchaighdeán ar fáil d'fhoghlaimeoirí, a chuirfidh ar a gcumas torthaí foghlama ar ardchaighdeán a bhaint amach. Ag eascairt as sin, beifear ag súil go mbeidh an-tóir ag teaghlaigh ar an oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, agus go meallfar ceannairí scoile, múinteoirí agus baill foirne eile le bheith ag obair san earnáil freisin.

### 4.2.2 Ionchuimsitheacht

Ag teacht le fís na roinne i dtaobh na hionchumisitheachta, táthar ag súil go mbeidh suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge ionadaíoch ar dhaonra ilghnéitheach na tíre. Trí na gníomhartha atá aitheanta sa phlean gnímh, tógfar ar an obair atá á cur i gcrích san earnáil le cinntiú go gcuirtear timpeallacht ar fáil i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge a chuireann fáilte roimh fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais foghlama éagsúla agus cúlraí éagsúla acu, agus a chuireann oideachas ar ardchaighdeán ar fáil dóibh. Cinnteofar, agus na gníomhartha faoin bpolasaí á gcur i bhfeidhm, go mbeidh riachtanais agus leas gach foghlaimeora lárnach.

### 4.2.3 Comhoibriú

Beidh comhoibriú trasna na hearnála bunriachtanach chun rath an pholasaí seo a chinntiú – idir ranna rialtais, eagraíochtaí stáit agus páirtithe leasmhara eile. Cuirfear struchtúir i bhfeidhm chun an comhoibriú sin a éascú, rud a chabhróidh deiseanna a aithint d'eagraíochtaí a bheith ag obair i dteannta a chéile chun leas na hearnála lán-Ghaeilge.

### 4.2.4 Inbhuanaitheacht

Beidh sé riachtanach a chinntiú go mbeidh na tograí agus na gníomhartha a chuirfear ar bun faoin bpolasaí inbhuanaithe. Cuirfear oibleagáidí dlíthiúla an Stáit maidir le gníomhú ar son na haeráide san áireamh agus an polasaí á chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le tosca a bhaineann le cóiríocht agus iompar.

Déanfar monatóireacht córasach rialta le linn chur i bhfeidhm an pholasaí chun a chinntiú go bhfuiltear ag bogadh go leanúnach i dtreo na spriocanna aitheanta a bhaint amach, agus chun iad a oiriúnú más gá.

## 4.3 Réimsí gnímh

Chun bogadh i dtreo an fhís uaillmhianach atá leagtha amach thuas a bhaint amach, cuirfear gníomhartha i bhfeidhm faoin bpolasaí sna réimsí gnímh seo a leanas:

- An earnáil a fhás
- Caighdeáin agus treoir a fhorbairt
- Tacú leis an gcleachtas gairmiúil
- Inniúlacht teanga a chothú
- Acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe a sholáthar
- Teaghlaigh agus pobail a spreagadh.

# 5 Réimse gnímh: An earnáil a fhás



# 5 Réimse gnímh: An earnáil a fhás

Chun foras a dhéanamh i dtreo an fhís uaillmhianach a bhaint amach, go mbeadh oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do chách, oibreoidh an Roinn Oideachais agus Óige – i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara – chun acmhainn na hearnála a mhéadú le múinteoirí a sholáthar agus cur leis an soláthar oideachais lán-Ghaeilge.

Cuirfear gníomhartha sa réimse seo chun cinn ar bhonn céimnithe, le cinntiú go mbeidh na hacmhainní daonna cuí ar fáil agus go mbeifear in ann oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil go comhsheasmhach do na daltaí agus na scoláirí breise a bhfuiltear ag súil a bheidh sa chóras.

Spreagfar teaghlaigh an t-oideachas lán-Ghaeilge a roghnú trí fheachtais chumarsáide agus éascaithe a chur ar bun. Leagfar béim ar oiriúnacht an tumoideachais do pháistí agus do dhaoine óga ó gach cúlra agus le gach leibhéal cumais.

## 5.1 Fórsa saothair an oideachais lán-Ghaeilge

Tá sé mar thosaíocht faoin bpolasaí seo a chinntiú go mbeidh soláthar cuí múinteoirí, agus gairmithe oideachais eile, ann a bhfuil na scileanna agus an inniúlacht teanga acu atá riachtanach chun oideachas ar ard-chaighdeán a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Caithfear díriú air seo lena chinntiú go bhfuil bunús láidir ann d'aon mhéadú a bheadh le teacht ar sholáthar scoileanna chun aon riosca a sheachaint go ndéanfaí dochar do cháilíocht an oideachais lán-Ghaeilge trí chéile.

Agus an polasaí seo á ullmhú, aithníodh go bhfuil dúshláin reatha ann go náisiúnta – agus go hidirnáisiúnta – le soláthar múinteoirí, agus go mbíonn dúshláin bhreise ann do scoileanna lán-Ghaeilge maidir le múinteoirí leis na scileanna agus an inniúlacht teanga chuí a earcú. Mar a d'aithin Sealbhú sa tuairisc a chuir siad faoi bhráid na roinne ar an bpróiseas comhairliúcháin, "léirigh oideachasóirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus nach bhfuil ag obair trí Ghaeilge faoi láthair go mbeadh suim acu dul ag obair i suíomhanna lán-Ghaeilge dá mbeadh níos mó muiníne acu as a gcumas Gaeilge".

Tá an Roinn Oideachais agus Óige ag obair ar thionscadal le tacaíocht ó UNESCO agus ón gCoimisiún Eorpach chun plean straitéiseach d'fhórsa saothair an oideachais a fhorbairt (lena n-áirítear múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna)). Cuirfear riachtanais na hearnála lán-Ghaeilge san áireamh agus an obair seo á chur i gcrích, agus cuirfear gníomhartha i bhfeidhm faoin bpolasaí seo chun dul i ngleic leis na dúshláin aitheanta sa réimse seo.

### 5.1.1 Múinteoirí bunscoile

Ag leibhéal na bunscoile, tá gach múinteoir bunscoile cáilithe le múineadh i mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá caighdeán iontrála sa Ghaeilge leagtha amach don B.Oid. agus don Mháistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) don bhunmhúinteoireacht, agus cuirtear tacaíochtaí (tréimhsí foghlama Gaeltachta san áireamh) ar fáil don teanga le linn na gclár sin. In ainneoin sin, aithníodh sna freagraí ar cheistneoirí a bhí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin go bhfuil sciar suntasach de mhúinteoirí nach mbraitheann go bhfuil inniúlacht ná muinín ard go leor acu sa Ghaeilge chun múineadh i scoil lán-Ghaeilge.

Cuirfear tograí i bhfeidhm a chabhróidh le múinteoirí nua-cháilithe a bheith muiníneach go bhféadfaidís múineadh trí mheán na Gaeilge. Cuirfear dlús leis an gcomhpháirtíocht idir scoileanna lán-Ghaeilge agus na hinstitiúidí ardoideachais chun níos mó deiseanna a chruthú do mhúinteoirí faoi oiliúint taithí a fháil ar shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge.

Tá clár B.Oid. (bunmhúinteoireacht) trí mheán na Gaeilge ar fáil in Institiúid Oideachais Marino – clár a bunaíodh faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, agus atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Óige faoin bpolasaí sin. Faoin bpolasaí seo don oideachas lán-Ghaeilge, cuirfidh an roinn tacaíochtaí ar fáil chun clár iar-chéime MGO do bhunmhúinteoirí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Ina theannta sin, fiosrófar bealaí eile ar féidir cur leis na deiseanna atá ann do mhúinteoirí bunscoile a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge.

### 5.1.2 Múinteoirí iar-bhunscoile

Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige tacaíochtaí ar fáil chun clár MGO trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí iar-bhunscoile a bhunú chun freastal ar oirthear na tíre. Tógfaidh sé seo ar an méid atá á bhaint amach ag Ollscoil na Gaillimhe sa réimse seo, le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Óige faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.

Fiosrófar – i gcomhar leis na hinstitiúidí ardoideachais agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta – bealaí eile ar féidir deiseanna forbartha a chur ar fáil le linn cláir oiliúna tosaigh múinteoirí (OTM) do mhúinteoirí faoi oiliúint a mbeadh suim acu múineadh i gcomhthéacsanna lán-Ghaeilge. D'fhéadfaí a áireamh leis seo tacaíochtaí a chur ar fáil do mhic léinn ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, agus deiseanna breise a chruthú taithí i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge a chur ar fáil (ar bhealaí a d'fhéadfadh an brú a shamhlaítear bheith ag baint le socrúcháin scoile fhoirmeálta a sheachaint). Bheadh sé tairbheach breathnú ar na bealaí ar féidir múinteoirí faoi oiliúint a spreagadh deiseanna dá leithéid a roghnú.

Sheol an Roinn Oideachais agus Óige scéim phíolótach in 2023 chun comhroinnt múinteoirí idir iar-bhunscoileanna a éascú. Fiosrófar bealaí scoileanna lán-Ghaeilge a spreagadh deiseanna maidir le comhroinnt mhúinteoirí a aithint eatarthu féin agus a chur sa siúl. D'fhéadfadh sé seo tacú le scoileanna réimse níos leithne ábhar a chur ar fáil do scoláirí, rud atá aitheanta mar dhúshlán ar leith ag iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

### 5.1.3 Cúntóirí riachtanas speisialta

Tá obair ar bun ag an Roinn Oideachais agus Óige chun an chéad Plean Forbartha d'Fhórsa Saothair CRSanna a fhorbairt. Mar chuid den obair faoi Cholún 3 den phlean – *Bunú Cláir Foghlama & Forbartha CRSanna* – breathnófar ar riachtanais shonracha oiliúna CRSanna atá ag obair i suíomhanna lán-Ghaeilge. Cuirfidh COGG – i comhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha – deiseanna oiliúna ar fáil do CRSanna a thabharfaidh tuiscint dóibh ar an tumoideachas agus ar na bealaí ar féidir leo tacú le daltaí agus scoláirí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Forbrófar acmhainní faoin bplean, i gcomhar le páirtithe leasmhara, chun tacú le hinniúlacht teanga CRSanna, d'fhonn a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge leabaithe i bpobal na scoile.

### 5.1.4 Ionchuimsitheacht

Chun ionchuimsitheacht a chinntiú i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge, beidh sé tábhachtach go mbeadh foirne na scoileanna seo mar eiseamláirí don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht. Fiosrófar bealaí chun múinteoirí, CRSanna agus baill foirne eile ó chúlraí éagsúla a mhealladh chuig an oideachas lán-Ghaeilge, mar shampla trí leas a bhaint as feachtas bliantúil na roinne "Múnlaíonn an Mhúinteoireacht an Todhchaí".

### 5.1.5 An ríomh-mhol

Cuireadh tús leis an ríomh-mhol do scoileanna Gaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta in 2019 agus é mar aidhm aige cur le líon na n-ábhar a bheadh ar fáil trí mheán na Gaeilge do scoláirí i scoileanna Gaeltachta. Faoin tionscadal, cuirtear ábhair bhreise (Ceimic agus Fisic don scoilbhliain 2025/26) ar fáil do scoláirí i scoileanna Gaeltachta trí fhoghlaim chumaisc.

Aithníodh sa tuairisc ar an gcomhairliúchán a chur Sealbhú faoi bhráid na roinne go bhfuil an easpa rogha ábhar ina constaic ar an rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. D'aithin Sealbhú, chomh maith, go bhfuil rath ar an ríomh-mhol do scoileanna Gaeltachta, agus gurbh fhiú "iniúchadh a dhéanamh ar an múnla seo do Ghaelcholáistí chun cur leis an rogha ábhar".

Oibreoidh an roinn leis na páirtithe oideachais chun na deiseanna a bhaineann le foghlaim chumaisc an ríomh-mhol a leathnú go scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht agus chun an tionscadal a fhás.

## 5.2 Soláthar oideachais lán-Ghaeilge a mhéadú

Bunaithe ar na ceistneoirí a bhí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, chuir Sealbhú moladh san áireamh sa tuairisc ar na ceistneoirí: "Leag amach plean cinnte ina bhfuil fís agus spriocanna cinnte leis an oideachas lán-Ghaeilge a sholáthar do gach scoláire ar mian leo é". Tá fís na roinne leagtha amach sa pholasaí seo agus glacfar céimeanna faoin bpolasaí chun bogadh i dtreo fíorú na físe sin.

Tá contanam ann de mhúnlaí soláthair oideachais trí mheán na Ghaeilge, ón bpáirt-tumadh go dtí an tumoideachas iomlán, lena n-áirítear, mar shampla:

- Gaelchampuis (mar shampla, suíomhanna FCLÓ lán-Ghaeilge, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar aon champas amháin)
- Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí
- Scoileanna satailíte
- Aonaid
- Sruthanna
- ábhar nó dhó a sheachadadh trí mheán na Gaeilge (mar shampla tríd an tionscadal FCÁT[3]).

3 Tionscadal ina n-úsáidtear cur chuige Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT) chun ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna agus i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige.

### 5.2.1 Tascfhórsa ar Mhúnlaí Soláthair don Oideachas lán-Ghaeilge

Mar fhreagairt ar mholtaí Shealbhú, agus páirtithe leasmhara eile nach iad, bunófar tascfhórsa a bheidh comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha ó rannáin chuí na Ranna Oideachais agus Óige agus ionadaithe ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile, a dhíreoidh go straitéiseach ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge a mhéadú chun bogadh i dtreo an fhís uaillmhianach atá leagtha amach don pholasaí a fhíorú.

Cuirfidh an tascfhórsa moltaí faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Óige ina leagfar amach:

- na múnlaí atá ag teastáil chun oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal[4], lena n-áirítear plé ar an ngá le hathruithe ar mhúnlaí atá ann cheana féin más gá
- sainmhínithe ar gach múnla soláthair, lena n-áirítear critéir theangabhunaithe gaolmhara
- conas is féidir oideachas ionchuimsitheach lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil laistigh de gach múnla ar feadh an chontanaim
- cad iad na tacaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil do scoileanna chun na múnlaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach
- conas an t-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge a mheas go héifeachtach
- critéir chun soláthar nua oideachais lán-Ghaeilge a bhunú trí na múnlaí éagsúla a aithníodh, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an ngá le hathruithe ar an bpróiseas pátrúnachta
- nósanna imeachta chun tacú le scoileanna aistriú go héifeachtach ó mhúnla lán-Bhéarla go múnla lán-Ghaeilge
- nósanna imeachta agus critéir maidir leis an gcaoi ar féidir le scoileanna/suíomhanna oideachais aistriú ó mhúnla amháin go múnla eile ar an gcontanam, chun cur leis an soláthar oideachais lán-Ghaeilge, agus na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil dóibh chun é sin a dhéanamh
- meicníochtaí le bunú chun méadú an tsoláthar oideachais lán-Ghaeilge a éascú.

Beidh sé mar sprioc don tascfhórsa na moltaí a bheith aontuithe agus curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Óige laistigh de 12 mhí ón gcéad chruinniú.

Cuimseofar gníomhartha tosaigh an ghrúpa oibre seo sa chéad phlean gnímh don pholasaí (Deireadh Fómhair 2025 – Meán Fómhair 2027). Bunófar gníomhartha don dara plean gnímh ar na cinntí a ghlacfar, agus ar an obair a bheidh curtha i gcrích ag an tascfhórsa.

### 5.2.2 Suirbhé ar thuismitheoirí agus caomhnóirí

Cuimsíonn Plean Oideachais 2025 na Roinne Oideachais agus Óige tiomantas suirbhé a sheoladh ar thuismitheoirí agus caomhnóirí bunscoile agus ar thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí nach bhfuil ar scoil go fóill ar a gcuid roghanna maidir le gnéithe tábhachtacha de sholáthar scoile. Baileofar eolas sa suirbhé seo faoi roghanna don oideachas lán-Ghaeilge, ar féidir é a úsáid chun bonn eolais a chur faoi phleanáil don earnáil amach anseo.

4 Pléifidh obair an tascfhórsa le gach saghas múnla oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus le scoileanna ina bhfuil soláthar dátheangach ar fáil (amhail Aonaid agus Sruthanna) laistigh den Ghaeltacht.

### 5.2.3 Acmhainniú sa Roinn Oideachais agus Óige

Beidh gá obair go straitéiseach agus go córasach chun na spriocanna atá leagtha amach sa pholasaí seo a bhaint amach, agus chun deiseanna a aithint agus a thapú, an soláthar oideachais lán-Ghaeilge a mhéadú. Beidh sé tábhachtach obair i gcomhar le haonaid éagsúla trasna na roinne, le háisíneachtaí agus le heagraíochtaí ábhartha chun tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna. Chun tógáil ar obair an tascfhórsa, beidh sé riachtanach leanúint ag obair i gcomhar leis na páirtithe leasmhara agus a chinntiú go gcuirtear na múnlaí aitheanta i bhfeidhm ar bhealach atá inbhuanaithe. Cuirfear baill foirne ar fáil d'aonad tiomnaithe sa Roinn Oideachais agus Óige chun tabhairt faoin obair seo.

## 5.3 Cóiríocht

Sa tuairisc a chuir Sealbhú faoi bhráid na roinne maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin don pholasaí seo, ardaíodh imní faoi chóiríocht agus áiseanna i roinnt scoileanna lán-Ghaeilge atá ann cheana. Tá suirbhé fuinnimh agus reachta á dhéanamh ag an roinn faoi láthair i ngach scoil trasna na tíre. Cuirfidh torthaí an tsuirbhé seo bonn maith fianaise ar fáil ar chaighdeán na cóiríochta i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge. Agus tosaíochtaí á n-aithint ag an roinn maidir le tógáil agus athchóiriú scoileanna, aithneofar stádas speisialta na suíomhanna lán-Ghaeilge, go háirithe scoileanna atá ag feidhmiú i gcóiríocht shealadach.

## 5.4 Soláthar oideachais d'fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais

Dearbhaíodh i dtaighde a d'fhoilsigh Nic Aindriú *et al* in 2020 go bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach d'fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais. Tá scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre ag freastal go héifeachtach ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi láthair, i ranganna príomhshrutha agus i ranganna speisialta.

Tá formhór na bhfoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge ag freastal ar ranganna príomhshrutha. Is gá go mbeidh tacaíocht chuí don Ghaeilge á thabhairt d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí litearthachta amhail disléicse acu, ionas go mbeidh siad in ann dul i ngleic go héifeachtach leis an gcuraclam.

Moladh san athbhreithniú ar an Acht EPSEN 2004 gur chóir "feabhas a chur ar rochtain na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar áiteanna i nGaelscoileanna agus i nGaelcholáistí". Agus líon na ranganna speisialta ag méadú trasna an chórais oideachais, oibreoidh an CNOS le scoileanna le cinntiú go bhfuil soláthar oideachais cuí ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i suíomhanna lán-Ghaeilge. Aithnítear go mbeadh sé tairbheach d'fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais go mbeadh leanúnachas ann dóibh ón mbunleibhéal ar aghaidh go dtí an iar-bhunleibhéal trí sholáthar oiriúnach oideachais lán-Ghaeilge.

Le cinntiú go bhfuiltear ag freastal go hionchuimsitheach ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí i ranganna speisialta i scoileanna lán-Ghaeilge, is gá go mbeadh an Ghaeilge mar mheán teagaisc sna ranganna sin. Sa tslí seo, beidh na páistí agus na daoine óga sna ranganna speisialta in ann páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach fónta, ag spraoi agus ag foghlaim leis na daltaí agus na scoláirí eile trí mheán na Gaeilge.


## 5.5 Feasacht a ardú

Chun líon na bhfoghlaimeoirí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge a mhéadú, beidh sé tábhachtach tuiscint a fhorbairt sa phobal – agus le tuismitheoirí agus caomhnóirí go háirithe – faoi na deiseanna atá ann. Aithnítear go bhfuil pobail áirithe nach roghnaíonn an t-oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí go traidisiúnta, agus déanfar iarrachtaí ar leith na pobail sin a mhealladh chuig an earnáil.

Fáiltítear i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge roimh dhaltaí agus roimh scoláirí ó chúlraí éagsúla, le riachtanais éagsúla agus le teangacha baile éagsúla. Tá sé léirithe sa taighde – go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta – go bhfuil an tumoideachas oiriúnach do gach saghas foghlaimeora, agus go bhfuil buntáistí ar leith ag baint leis. Tá sé mar chuid d'fhís na Roinne Oideachais agus Óige don pholasaí seo go mbeidh suíomhanna lán-Ghaeilge ionchuimsitheach agus ilchultúrtha.

Déanfar straitéis chumarsáide agus éascaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge a roinnt go forleathan agus chun teaghlaigh a spreagadh é a roghnú dá bpáistí. Déanfar é seo trí chomhoibriú idir an roinn agus na heagraíochtaí cuí. Agus an straitéis chumarsáide agus éascaithe á forbairt, fiosrófar na bealaí is éifeachtaí leis na teachtaireachtaí a scaipeadh ionas go rachaidh siad i gcion ar phobal leathan, lena n-áirítear teaghlaigh nach roghnódh an t-oideachas lán-Ghaeilge go traidisiúnta, mar shampla Pobal an Lucht Siúil agus na Romach agus teaghlaigh nach bhfuil an Ghaeilge ná an Béarla mar theanga baile acu.

Beidh ról ar leith ag ceannairí scoile sa réimse seo, agus iad ag plé le tuismitheoirí agus caomhnóirí, le daltaí agus scoláirí, agus le pobail scoile. Agus fís a scoile á gcothú agus á gcur in iúl acu, beidh sé tábhachtach go mbeidh tuiscint acu ar oiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do gach dalta agus scoláire, agus ar na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas. Tá leabhrán taighde-bhunaithe foilsithe ag COGG chun tacú le scoileanna an t-eolas sin a roinnt, mar aon le tuairisc cuimsitheach a thugann léargas ar na príomh-theachtaireachtaí ón taighde ar an oideachas lán-Ghaeilge.



# 6 Réimse gnímh: Caighdeáin agus treoir a fhorbairt

# 6 Réimse gnímh: Caighdeáin agus treoir a fhorbairt

Aithnítear sa chóras oideachais lán-Ghaeilge, ceal caighdeáin sheasmhacha a bheith leagtha amach, go bhfuil éagsúlacht cleachtas agus caighdeán ann maidir le soláthar gnéithe áirithe den oideachas trí mheán na Gaeilge. Sa léirbhreithniú a rinneadh ar thuairiscí cigireachta ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge a foilsíodh ó 2017 go 2020, mar shampla, aithníodh nach raibh an tumoideachas á chur i bhfeidhm go comhsheasmhach sna scoileanna. Sa léirbhreithniú ar na tuairiscí cigireachta do na hiar-bhunscoileanna, aithníodh an gá atá ann an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe a neartú – go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil.

## 6.1 Caighdeáin agus critéir

Mar chuid d'obair an tascfhórsa ar mhúnlaí soláthar don oideachas lán-Ghaeilge, leagfar amach caighdeáin agus critéir do na múnlaí éagsúla soláthair a aithneofar. Cinnteoidh na caighdeáin go mbeidh comhthuiscint agus trédhearcacht ann trasna na hearnála – agus do thuismitheoirí agus do scoláirí – maidir leis na hionchais atá ann don oideachas lán-Ghaeilge.

Cuirfear scéim (nó scéimeanna) ar bun chun aitheantas agus tacaíocht a chur ar fáil do na múnlaí éagsúla oideachais sainaitheanta, a chabhróidh le comhsheasmhacht chur chuige sa tumoideachas a chinntiú. Agus an scéim (nó na scéimeanna) á dearadh, cuirfear a bhfuil foghlamtha ón Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta san áireamh. Tabharfar súil chomh maith ar na sainchúinsí agus na comhthéacsanna éagsúla atá i gceist do scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht.

Agus an polasaí á chur i bhfeidhm, leanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige lena ról chun a chinntiú go bhfuil oideachas ar ardchaighdeán á chur ar fáil i ngach réimse den chóras, ag déanamh meastóireacht ar éifeachtacht na dtorthaí foghlama ó thaobh chaighdeán oideachais agus teanga de.

## 6.2 Treoir agus táscairí dea-chleachtais

Mar thacaíocht do scoileanna, foilseoidh an Roinn Oideachais agus Óige táscairí dea-chleachtais i gcomhar le COGG, bunaithe ar na caighdeáin don oideachas lán-Ghaeilge. Tabharfaidh na táscairí dea-chleachtais treoir agus slat tomhais do scoileanna lán-Ghaeilge na láidreachtaí agus na réimsí feabhais atá acu a aithint, ar féidir díriú orthu tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile chun cleachtas ar ardchaighdeán a bhaint amach.

Mar a luadh, d'fhoilsigh Cigireacht na roinne tuairiscí ilchodacha in 2021 ar chuairteanna cigireachta ar scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Aithníodh roinnt réimsí sna tuairiscí sin, ar a mbeifear in ann treoir a fhorbairt do scoileanna chun tacú leo barr feabhais a bhaint amach. Bunaithe ar thuairiscí atá foilsithe ag an gCigireacht, d'fhéadfaí treoir a fhorbairt, mar shampla, ar:

- Dea-chleachtas i gcur i bhfeidhm an luath-thumoideachais iomláin
- An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an tsóisialaithe
- Litearthacht disciplín as Gaeilge a fhorbairt trasna an churaclaim

- Cuir chuige rathúla mheasúnaithe (idir shuimitheach agus fhoirmitheach) a fhorbairt agus a threisiú do chomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge
- Freastal go héifeachtach ar riachtanais speisialta oideachais i gcomhthéacs an oideachais trí Ghaeilge
- An Ghaeilge mar Theanga Bhreise.

Tabharfaidh an Chigireacht comhairle, léargais agus cúnamh do scoileanna agus í ag tacú leo an tumoideachas a leabú agus a neartú. Tacóidh sí chomh maith le treoir a sholáthar ag leibhéal an chórais de chun tacú leis an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm.

## 6.3 Cuairteanna tacaíochta

Mar aon le ról comhairliúcháin na Cigireachta, beidh ról tábhachtach ag COGG agus ag Oide tacú le scoileanna na caighdeáin do na múnlaí oideachais lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Cuirfear le foireann COGG agus le foireann an GhaelAonaid in Oide chun cur ar a gcumas tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna. Díreoidh na hoifigigh breise sin, mar shampla, ar:

- Tacú le scoileanna tumoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Cumasú na gceannairí scoile agus na múinteoirí fís agus féiniúlacht na scoile mar scoil lán-Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn
- Scoileanna a threorú i dtreo acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe cuí agus treoir a thabhairt maidir le conas an leas is fearr a bhaint astu
- Deiseanna a chruthú chun dea-chleachtais a roinnt idir scoileanna
- Líonraí a chur ar fáil do cheannairí scoile, do mhúinteoirí agus do CRSanna
- Comhairle a chur ar scoileanna maidir le deiseanna foghlama gairmiúla ábhartha.



# 7 Réimse gnímh: Tacú leis an gcleachtas gairmiúil

# 7 Réimse gnímh: Tacú leis an gcleachtas gairmiúil

Aithnítear gur iad na ceannairí scoile agus na múinteoirí na hacmhainní teagaisc agus foghlama is luachmhaire dár bhfoghlaimeoirí. Chun oideachas ar ardchaighdeán a chinntiú d'fhoghlaimeoirí i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge, díreofar faoin bpolasaí ar ghníomhartha a chur i bhfeidhm a thacóidh le ceannairí scoile agus le múinteoirí barr feabhais a bhaint amach ina gcleachtas féin. Beifear ag súil go dtapóidh scoileanna na deiseanna foghlama ar leith a chuirfear ar fáil faoin bpolasaí agus go mbainfidh siad tairbhe astu.

## 7.1 Oide – An GaelAonad

Is í Oide an tseirbhís tacaíochta nua do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Óige. Cuireann Oide réimse leathan deiseanna foghlama gairmiúla – idir chroídheiseanna agus dheiseanna roghnacha – ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Nuair a bunaíodh Oide, socraíodh rannán ar leith – An GaelAonad – a bhunú laistigh de struchtúr na heagraíochta chun tacú leis na riachtanais foghlama ghairmiúla a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs lán-Ghaeilge, chomh maith le réimse curaclaim na Gaeilge. Comhoibríonn an GaelAonad le rannáin eile in Oide le cinntiú go gcuirtear deiseanna foghlama ar fáil trí Ghaeilge go comhuaineach leis na deiseanna atá ar fáil i mBéarla, agus go gcuirtear sainriachtanais na hearnála lán-Ghaeilge san áireamh agus tacaíochtaí á bhforbairt agus á gcur ar fáil.

## 7.2 Foghlaim ghairmiúil cheannairí scoile agus múinteoirí

Sa tuairisc a d'ullmhaigh Sealbhú don roinn ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin, luadh gur "aithin na hoideachasóirí bearnaí ina gcleachtas féin agus ba mhaith leo tuilleadh deiseanna forbartha gairmiúla a bheadh curtha i láthair ag oideachasóirí eile a bhfuil saineolas agus tuiscint acu ar an tumoideachas".

Tá forbairtí curaclam ag tarlú go leanúnach ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, agus foghlaim ghairmiúil á déanamh ag ceannairí scoile agus ag múinteoirí chun a dtuiscint ar na hathruithe sin a fhorbairt. Cinnteoidh an GaelAonad go gcuirfear na deiseanna foghlama agus na hacmhainní a bheidh á bhforbairt ag Oide in oiriúint do chomhthéacsanna lán-Ghaeilge.

Faoin bpolasaí seo, cuirfear le foireann an GhaelAonaid, a chuirfidh ar a cumas dlús a chur leis na tacaíochtaí spriocdhírithe do shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge ar bhealaí éagsúla – eispéiris foghlama gairmiúla, tacaíocht scoile agus seimineáir ghréasáin idirghníomhacha, mar shampla. Clúdófar réimsí a aithníodh le linn an phróisis chomhairliúcháin amhail:

- Oideolaíocht an tumoideachais
- An cheannaireacht sa suíomh oideachais lán-Ghaeilge
- Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)
- Aistriú scileanna idir teangacha
- An Ghaeilge mar Theanga Bhreise
- Saibhriú Gaeilge na bhfoghlaimeoirí
- Oideolaíochtaí spraíúla
- Múineadh na fónaice
- Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF).

Agus na deiseanna foghlama gairmiúla seo faoin bpolasaí á bhforbairt, díreofar ar thacaíochtaí a chur ar fáil go comhthreomhar leis na tacaíochtaí curaclam, ar bhealaí a bheidh tráthúil, úsáideach agus éifeachtach do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí.

## 7.3 Oideachas tosaigh múinteoirí

Mar a luadh thuas, beidh gníomhartha á gcur i bhfeidhm faoin bpolasaí i réimse na OTM a thacóidh le soláthar múinteoirí don earnáil lán-Ghaeilge a láidriú. Chomh maith leis sin, tá gá le beartais a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go bhfuil céimithe ó na cláir OTM bunscoile go léir ullmhaithe go cuí – ó thaobh cumais teanga agus oideolaíochta de – le múineadh go héifeachtach i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge atá ionchuimsitheach agus foghlaimeoirlárnach. Tá gá, freisin, a chinntiú go gcuirtear deiseanna ar fáil i gcláir OTM iar-bhunscoile do mhúinteoirí faoi oiliúint na scileanna agus na cumais sin a fhorbairt.

Leagann an Chomhairle Mhúinteoireachta na caighdeáin do chláir OTM amach in *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí*. Fiosróidh an chomhairle conas is fearr is féidir le cláir OTM tacú le múinteoirí faoi oiliúint na scileanna agus na cumais atá riachtanach don earnáil lán-Ghaeilge a fhorbairt, mar chuid den phróiseas athbhreithnithe Céim. Áireofar leis sin iniúchadh a dhéanamh ar oideachas ionchuimsitheach i suíomhanna lán-Ghaeilge. Cinnteoidh sé seo go mbeidh tuiscint ag múinteoirí nua-cháilithe, de réir mar is cuí, ar an tumoideachas, ar na cineálacha cuir chuige oideolaíocha is éifeachtaí i gcomhthéacsanna lán-Ghaeilge, agus ar na buntáistí a ghabhann leis an dátheangachas.

## 7.4 Droichead

Is é Droichead an próiseas ionduchtúcháin gairmiúil do mhúinteoirí nua-cháilithe. Cuimsíonn an próiseas tacaíocht in-scoile agus gníomhartha foghlama gairmiúla. Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar an bpróiseas Droichead ar bun, a críochnaíodh i mí an Mhárta 2025, agus beidh leasuithe ar an bpróiseas ag teacht i bhfeidhm mar thoradh ar an athbhreithniú sin ó mhí Mheán Fómhair 2026. Mar cheann de na feabhsúcháin a thiocfaidh i bhfeidhm, tá sé i gceist go n-éascóidh Oide cnuaschruinnithe Droichead atá dírithe ar chomhthéacsanna oideachais ar leith, an comhthéacs lán-Ghaeilge san áireamh.

## 7.5 Forbairt chumas ceannaireachta

Aithnítear go bhfuil riachtanais ar leith ag ceannairí i suíomhanna lán-Ghaeilge. Bíonn lionsa breise an tumoideachais le cur san áireamh ag ceannairí agus ag boird bhainistíochta agus an teagasc agus an fhoghlaim á dtreorú, polasaithe á n-ullmhú agus baill foirne á n-earcú, mar shampla. Bíonn ról ar leith ag ceannairí an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil agus sa phobal scoile, agus féiniúlacht Ghaelach na scoile, na ndaltaí agus na scoláirí a spreagadh agus a chothú.

Aithnítear in Ag Breathnú ar an Scoil Againne[5], mar shampla, gur cheart go mbeadh sé ar chumas cheannairí scoile:

- An fhís threorach don scoil a chur in iúl agus a bheith i gceannas ar bhaint amach na físe seo
- Tiomantas d'ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta/scoláire a chothú
- Caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne
- Forbairt rannpháirtíochta na ndaltaí/scoláirí, ceannaireacht na ndaltaí/scoláirí agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chothú agus a éascú.

Tá na caighdeáin sin fíorthábhachtach agus ábhartha i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge lena chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama ar ardchaighdeán á gcur ar fáil do dhaltaí agus do scoláirí.

Cuireann Oide deiseanna foghlama gairmiúla, mar aon le meantóireacht agus cóitseáil ar fáil do cheannairí scoile chun tacú leo ina róil. Oibreoidh foireann an GhaelAonaid in Oide lena gcomhghleacaithe ar fhoireann na ceannaireachta le cinntiú go n-aithnítear na riachtanais ar leith atá ag ceannairí san earnáil lán-Ghaeilge, agus go gcuirfear san áireamh iad agus tacaíochtaí á ndearadh agus á gcur ar fáil.

Comhoibríonn institiúidí ardoideachais éagsúla chun sruth Gaeilge den Dioplóma Gairmiúil i gCeannaireacht Scoile a chur ar fáil. Tugann an clár seo deis do cheannairí scoile i scoileanna lán-Ghaeilge díriú go sonrach ar na ceisteanna atá ábhartha dá gcomhthéacs.

5 Is é "Ag Breathnú ar an Scoil Againne" an creat cáilíochta a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Óige chun tacú le scoileanna lena rannpháirtíocht sa phróiseas féinmheastóireachta scoile. Foilsíodh an leagan is déanaí in 2022. Tá leaganacha éagsúla do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna.

## 7.6 Riachtanais speisialta oideachais

Bíonn riachtanais ar leith ag gairmithe oideachais i suíomhanna lán-Ghaeilge agus iad ag cinntiú go bhfuil siad ag freastal go héifeachtach ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu – i ranganna príomhshrutha agus i ranganna speisialta araon. Faoin bpolasaí seo, cuirfear dlús leis an obair atá ar siúl ag eagraíochtaí éagsúla (CNOS, COGG, Gaeloideachas, Oide agus SNSO ina measc) chun tacú leis na ceannairí scoile, na múinteoirí agus na CRSanna sin. Cuirfear líonra ar bun a thabharfaidh deis do na heagraíochtaí éagsúla a bhíonn ag plé le riachtanais speisialta oideachais teacht le chéile chun saineolas agus taithí a roinnt, agus chun deiseanna comhoibrithe a aithint.

Cuireadh riachtanais na hearnála lán-Ghaeilge san áireamh agus an t-athbhreithniú á dhéanamh ar Acht EPSEN 2004. Rinneadh moltaí sa tuairisc ar an athbhreithniú maidir le feabhas a chur ar rochtain na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar an oideachas lán-Ghaeilge, tacaíochtaí agus acmhainní a chur ar fáil (lena n-áirítear tástálacha diagnóiseacha i nGaeilge), agus oiliúint do CRSanna. Tá na moltaí éagsúla á gcur san áireamh i bplean moltaí atá á fhorbairt ag an Roinn Oideachais agus Óige faoi láthair, d'fhonn iad a chur i bhfeidhm amach anseo.

Cuirtear cláir dioplóma iarchéime san oideachas ionchuimsitheach agus speisialta ar fáil in institiúidí ardoideachais timpeall na tíre do mhúinteoirí atá ag obair le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Fiosrófar deiseanna comhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge a chur san áireamh sna cláir sin, agus fiosrófar féidearthachtaí maidir le clár a chur ar bun trí mheán na Gaeilge le freastal go sonrach ar mhúinteoirí riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna lán-Ghaeilge.

Ceapadh Comhordaitheoir do Thionscadal na Gaeilge sa CNOS in 2025. Tacóidh an comhordaitheoir leis an eagraíocht na dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a shásamh. Áirítear leis seo treoir agus deiseanna foghlama gairmiúla a chur ar fáil i nGaeilge, agus treoir agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile trí mheán na Gaeilge.

Faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, iarradh ar COGG treoir thaighde-bhunaithe a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta maidir le freastal ar riachtanais speisialta oideachais. Tá táscairí dea-chleachtais foilsithe acu do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta Gaeltachta, agus tá obair á cur chun cinn chun ábhar a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna sa réimse seo. Faoin bpolasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, leanfar leis an obair seo chun treoir agus acmhainní a chur ar fáil do shuíomhanna lán-Ghaeilge.

Is acmhainn fíor-luachmhar í *Cur Chuige Cothromaithe i leith Fhorbairt na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile*, a d'fhorbair an SNSO i gcomhar le COGG chun tacú le forbairt scileanna litearthachta sna bunranganna i scoileanna lán-Ghaeilge. Bhí an acmhainn seo mar fhócas d'fhoghlaim ghairmiúil ó 2017/2018 agus tá sé fós an-ábhartha do bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Ag aithint an gá atá le tuilleadh treorach chun tacú le daltaí agus scoláirí a bhfuil riachtanais litearthachta acu trasna na haoisghrúpaí go léir sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil, tá sé beartaithe ag an SNSO acmhainní breise agus deiseanna foghlama gairmiúla a fhorbairt d'oideachasóirí sa tréimhse atá romhainn.

Aithnítear go bhfuil gá le tuilleadh taighde a chur i gcrích maidir le riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna tumoideachais, go háirithe maidir le foghlaimeoirí i ranganna speisialta agus maidir le staidéar ag an iar-bhunleibhéal. Cuirfear maoiniú ar fáil faoin bpolasaí (tríd COGG) chun cur leis an taighde sa ghort seo, a thacóidh le cleachtas gairmiúil ar bhonn leanúnach.

## 7.7 An Ghaeilge mar Theanga Bhreise

Aithnítear i gClár an Rialtais 2025 – Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú – go bhfuil gá cur leis na tacaíochtaí ar leith atá ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil céatadán ard daltaí iontu nach í an Ghaeilge ná an Béarla a gcéad teanga. Le cinntiú gur féidir leis na páistí agus na daoine óga sin páirt lárnach, gníomhach a ghlacadh i saol na scoile, agus gur féidir leo rochtain a fháil ar an gcuraclam, ba cheart do scoileanna tacaíocht a chuir ar fáil dóibh teanga na scoile – an Ghaeilge – a shealbhú.

Eiseoidh an Roinn Oideachais agus Óige treoir do scoileanna lán-Ghaeilge ar na cuir chuige a mholtar agus tacaíocht teanga sa Ghaeilge á cur ar fáil do pháistí nach bhfuil an Béarla nó an Ghaeilge ar a dtoil acu. Cuirfidh Oide deiseanna foghlama gairmiúla ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí maidir leis an nGaeilge mar Theanga Bhreise agus iarrfar ar COGG acmhainní a fhorbairt chun tacú le réimse na Gaeilge mar Theanga Bhreise.

## 7.8 Dea-chleachtais a aithint agus a cheiliúradh

Is léir go bhfuil iliomad eiseamláirí den dea-chleachtas ag tarlú i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge ar fud na tíre. Tá sé tábhachtach an dea-chleachtas sin a aithint, a roinnt agus a cheiliúradh.

Cuirfear dlús leis an obair atá ar siúl ag BOOÉ, COGG agus Oide faoi láthair chun pobail chleachtais a fhorbairt. Áireofar leis seo pobail chleachtais do cheannairí scoile, do mhúinteoirí, agus do CRSanna. Bainfear leas as an teicneolaíocht ar bhealach fónta chun é seo a dhéanamh, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil do ghairmithe oideachais bualadh le chéile aghaidh-ar-aghaidh chun a dtaithí a roinnt.

Bunófar Ciste Sármhaitheasa Scoileanna do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, a thabharfaidh aitheantas ar leith do na heiseamláirí sin a bhfuil barr feabhais bainte amach acu, agus a éascóidh roinnt an dea-chleachtais i measc suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge.

Tá an Chigireacht ag feidhmiú thar gach réimse d'oideachas an aosa óig – FCLÓ, an bhunscolaíocht agus an iar-bhunscolaíocht – agus mar sin, beidh ról tábhachtach aici aiseolas ar chur i bhfeidhm éifeachtach an tumoideachais a bhailiú agus a roinnt le rannpháirtithe ábhartha an chórais.

# 8 Réimse gnímh: Inniúlacht teanga a chothú



# 8 Réimse gnímh: Inniúlacht teanga a chothú

Ionas go mbeidh oideachas ar ard-chaighdeán ar fáil i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge, tá sé riachtanach go mbeadh inniúlacht ard teanga ag ceannairí scoile agus ag múinteoirí, agus go mbeadh inniúlacht oiriúnach teanga ag baill foirne eile a thacaíonn leis na daltaí agus na scoláirí.

In éineacht leis sin, chun timpeallacht lán-Ghaeilge a chothú i scoileanna, tá sé tábhachtach go mbeadh fáil ag scoileanna ar sheirbhísí tacaíochta trí mheán na Gaeilge.

Aithnítear go bhfuil gá le tacaíochtaí ar leith sa réimse seo chun inniúlacht teanga a fhorbairt trasna na hearnála.

## 8.1 Inniúlacht teanga daltaí agus scoláirí

Le cinntiú go n-éiríonn le gach dalta agus scoláire atá ag fáil a gcuid oideachas trí mheán na Gaeilge barr a gcumas i ngach réimse foghlama a bhaint amach trasna an churaclam, tá sé tábhachtach go mbeidh inniúlacht ard Gaeilge á fhorbairt acu. Beidh an inniúlacht teanga seo ríthábhachtach, chomh maith, agus muid ag breathnú i dtreo an sprioc atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 go mbeidh 20% d'earcaigh sa tseirbhís phoiblí inniúil sa Ghaeilge faoi 2030.

Cuirfear uaireanta tacaíochta teanga ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht chun tacú lena ndaltaí agus a scoláirí, inniúlacht agus saibhreas teanga a fhorbairt, mar a rinneadh do scoileanna sa Ghaeltacht. Déanfar é seo ar bhonn céimnithe de réir mar a cheadaíonn cúinsí buiséid na roinne. Tosófar sa scoilbhliain 2025/26 le leathnú na n-uaireanta tacaíochta teanga chuig Gaelscoileanna le stádas DEIS agus chuig Gaelcholáistí.

Mar a leagadh amach thuas sa mhír faoi fhoghlaim ghairmiúil cheannairí scoile agus múinteoirí, cuirfear tacaíochtaí ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí maidir leis na modheolaíochtaí agus an oideolaíocht is oiriúnaí don tumoideachas, mar shampla FCÁT agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF). Cabhróidh sé seo a chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama ar ardchaighdeán á soláthar i scoileanna lán-Ghaeilge, a thacóidh le gach foghlaimeoir inniúlacht teanga a fhorbairt.

Sa phróiseas comhairliúcháin, aithníodh na buntáistí a ghabhann le deiseanna a thabhairt do scoláirí tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht. Feictear go bhfaigheann na scoláirí a mbíonn an deis sin acu tuiscint ar leith ar an nGaeilge mar theanga bheo phobail, agus go gcuireann an t-eispéireas lena bhféiniúlacht mar chainteoirí Gaeilge. Fiosrófar na tacaíochtaí a d'fhéadfaí a chur ar fáil do scoileanna san earnáil lán-Ghaeilge a chuirfeadh ar a gcumas an deis seo a chur ar fáil do gach scoláire.

## 8.2 Inniúlacht teanga ceannairí scoile agus múinteoirí

Ag leibhéal na bunscoile, tá gach múinteoir cáilithe le múineadh i scoil lán-Ghaeilge; tá caighdeán iontrála sa Ghaeilge leagtha amach do chláir OTM don bhunmhúinteoireacht, agus cuirtear tacaíochtaí (tréimhsí foghlama Gaeltachta san áireamh) ar fáil don teanga le linn na gclár sin. Ina ainneoin sin, bíonn éagsúlacht ann maidir le hinniúlacht Gaeilge múinteoirí, agus lena muinín an teanga a labhairt agus a scríobh.

Ag an iar-bhunleibhéal, éilítear an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile (TGMI) ar mhúinteoirí i suíomhanna lán-Ghaeilge, chomh maith leis an gcáilíocht oiliúna tosaigh múinteoirí[6]. Ní léir, áfach, go bhfuil an riachtanas seo á chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach scoil, agus is cosúil go bhfuil easpa feasachta ann faoi mar riachtanas.

Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige gníomhartha i bhfeidhm faoin bpolasaí chun tacú le ceannairí scoile agus le múinteoirí a n-inniúlacht agus a muinín sa Ghaeilge a fhorbairt. Déanfar na tacaíochtaí atá ann faoi láthair a ghréasánú, a phoibliú, agus a fhorbairt.

Oibreoidh an roinn leis na hinstitiúidí ardoideachais agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha eile chun bealaí a aithint cur le hinniúlacht agus le muinín na múinteoirí faoi oiliúint sa Ghaeilge mar chuid de chláir OTM. Díreofar ar dheiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge ar bhealaí atá nuálach, spreagúil agus cumarsáideach, a mhúnlóidh bealaí dóibh an Ghaeilge a chur chun cinn agus iad ag obair mar mhúinteoirí.

Déanfar athbhreithniú ar an TGMI i gcomhthéacs na bhforbairtí atá tarlaithe ó dearadh é in 1999 (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) san áireamh). Beidh na caighdeáin a leagfar amach don oideachas lán-Ghaeilge, chomh maith leis na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do mhúinteoirí le cur lena n-inniúlacht teanga, mar chuid de chomhthéacs an athbhreithnithe sin chomh maith. Fiosrófar socruithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar bhonn eatramhach, fad is atá an t-athbhreithniú sin idir lámha.

## 8.3 Inniúlacht teanga bhaill foirne scoile

Sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, aithníodh an tábhacht a bhain le hinniúlacht ard sa Ghaeilge a bheith ag baill foirne neamhtheagaisc na scoile chun timpeallacht tumoideachais lán-Ghaelach a chruthú. Tá sé luaite mar cheann de na critéir don aitheantas oifigiúil mar Scoil Ghaeltachta go ndéanfaidh an scoil gach iarracht baill foirne neamhtheagaisc – chomh maith le foireann teagaisc – a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an tumoideachas. D'fhéadfadh sé go bhfuil sé seo níos tábhachtaí fós i suíomhanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, áit a bhfuil na deiseanna níos srianta do dhaoine óga an Ghaeilge a úsáid go laethúil.

Oibreoidh an roinn leis na heagraíochtaí Gaeilge agus leis na páirtithe oideachais le cinntiú go bhfuil deiseanna á gcur ar fáil do bhaill foirne neamhtheagaisc i scoileanna lán-Ghaeilge a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt agus a húsáid a chothú.

Tá sé inmhianaithe, chomh maith, go mbeadh ardinniúlacht teanga ag baill bhoird bhainistíochta ionas gur féidir leis an mbord feidhmiú trí Ghaeilge, ag teacht le héiteas agus le cultúr na scoile. Aithnítear go bhféadfadh sé seo bheith dúshlánach do scoileanna.

6 Bronntar saoirse ón scrúdú don Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile ar iarrthóirí a bhfuil céim sa Ghaeilge acu nó a bhfuil pas faighte acu sa scrúdú cainte sa Ghaeilge le haghaidh cláraitheachta mar mheánmhúinteoir, sa scrúdú cainte don Teastas i dTeagasc na Gaeilge, nó sa bhéaltriail don Cheard-Teastas Gaeilge.

## 8.4 Inniúlacht teanga in eagraíochtaí eile

Sna grúpaí fócais a reáchtáladh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, luaigh múinteoirí agus ceannairí scoile na dúshláin a bhí acu maidir le heaspa cumais sa Ghaeilge ag gairmithe oideachais. Bunaithe air seo, mhol Sealbhú gur chóir gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin bpolasaí chun gairmithe oideachais a chumasú sa Ghaeilge – síceolaithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga, agus teiripeoirí saothair, go háirithe.

Sa bhreis air sin, moladh gur cheart feasacht a ardú i measc na ngairmithe oideachais maidir leis na torthaí taighde ábhartha a bhain leis an tumoideachas agus an dátheangachas. Tabharfar aghaidh air seo faoin bpolasaí, i gcomhar leis na heagraíochtaí ábhartha agus na páirtithe oideachais, le cinntiú go bhfuil comhairle taighde-bhunaithe á cur ar theaghlaigh agus ar scoileanna maidir le foghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge.

Bíonn dúshláin ann do shuíomhanna lán-Ghaeilge, chomh maith, teacht ar aoichainteoirí agus ar sholáthróirí ar féidir leo seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Bheadh sé tairbheach dá mbeadh foinse eolais lárnach ar fáil do scoileanna, a chabhródh leo na daoine agus na seirbhísí sin a aithint. Oibreoidh an roinn leis na heagraíochtaí Gaeilge ábhartha chun bealaí a aithint a leithéid de bhunachar a chur ar fáil do scoileanna.

# 9 Réimse gnímh: Acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe a sholáthar



# 9 Réimse gnímh: Acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe a sholáthar

Mar a luadh cheana, is iad na ceannairí scoile agus na múinteoirí na hacmhainní teagaisc agus foghlama is luachmhaire dár bhfoghlaimeoirí. Is tacaíocht thairbheach iad acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe do cheannairí scoile agus múinteoirí agus iad i mbun teagaisc gan amhras. É sin ráite, tá an bealach a úsáideann múinteoirí na h-acmhainní atá ar fáil dóibh chun na torthaí foghlama is fearr a chinntiú dá bhfoghlaimeoirí ríthábhachtach – ag tarraingt ar a saineolas oideolaíoch, a dtaithí teagaisc agus a dtuiscint ar na bhfoghlaimeoirí faoina gcúram chun an leas is fearr a bhaint as an acmhainn úd chun freastal ar riachtanais gach foghlaimeora.

Aithníodh san athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta a rinne Sealbhú don roinn, a thábhachtaí is atá sé áiseanna teagaisc agus foghlama a chur ar fáil don suíomh tumoideachais – áiseanna digiteacha chomh maith le téacsleabhair. Luaigh na taighdeoirí aipeanna, cluichí digiteacha, ríomhleabhair agus cláir theanga mar acmhainní a bheadh tairbheach. Moladh, chomh maith, gur cheart taighde a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta sa suíomh tumoideachais.

Bunaithe ar an léargas a fuarthas sa réimse seo ón gcomhairliúchán poiblí, is léir go bhfuil gá le forbairt a dhéanamh ar líon na n-acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe atá ar fáil don earnáil lán-Ghaeilge. Is léir chomh maith go bhfuil gá le feasacht a ardú faoi na hacmhainní atá ann cheana le cinntiú go bhfuil scoileanna ag baint tairbhe as an obair fhiúntach atá á déanamh go leanúnach i bhforbairt acmhainní.

## 9.1 COGG

Tá sainchúram reachtúil ag COGG faoi Alt 31 den Acht Oideachais 1998 "chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú". Oibríonn COGG go dlúth leis an Áisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste, le CCEA (Council for the Curriculum, Examinations & Assessment, Tuaisceart na hÉireann) agus leis An Gúm, mar aon le foilsitheoirí eile. Tá dul chun cinn as cuimse déanta sa réimse seo ag COGG, i gcomhar leis na foilsitheoirí, le 20 bliain anuas, cé go bhfuil gá go fóill cur le réimse agus scóip na n-acmhainní.

Tá forbairt déanta ag COGG le roinnt blianta anuas ar acmhainní digiteacha a fhorbairt, agus tá breis is 2,500 acmhainn anois ar fáil ar líne ar An Tairseach. Tá obair ar siúl chun cur le líon na n-acmhainní atá ar fáil agus chun eolas ar An Tairseach a scaipeadh.

Is áis an-saibhir í ardán digiteach TG4 Foghlaim, ar a bhfuil ábhar oideachasúil ar fáil trí mheán na Gaeilge do pháistí agus do dhaoine óga. Tá nasc cothaithe idir TG4 agus COGG chun comhoibriú agus comhtháthú a chinntiú ar fhorbairt na n-acmhainní seo le húsáid i scoileanna.

Cuirfear acmhainní breise ar fáil do COGG faoin bpolasaí seo, a chuirfidh ar a cumas dlús a chur leis an obair atá ar siúl aici maidir le soláthar téacsleabhar agus acmhainní, lena n-áirítear acmhainní digiteacha.

Déanfar tuilleadh forbartha ar An Tairseach, agus cuirfear feachtas margaíochta ar bun a chinnteoidh go mbeidh feasacht san earnáil ar na háiseanna (clóite agus digiteacha) atá ar fáil ó COGG. Treiseoidh COGG na naisc atá cothaithe acu leis An Áisaonad, le CCEA, leis An Gúm, le TG4, agus leis na foilsitheoirí oideachais ionas go mbainfear an leas is fearr agus is féidir as na hacmhainní atá ar fáil.

## 9.2 Cláir litearthachta

Clár comhtháite teagaisc don Ghaeilge é *Séideán Sí*, a dearadh go sonrach do scoileanna Gaeltachta agus do scoileanna lán-Ghaeilge. Bhí an clár ceannródaíoch agus nuálach nuair a seoladh é in 2003 mar chomhthionscadal idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Foras na Gaeilge. Tá maoiniú leanúnach á chur ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Óige don tionscadal, agus tá obair déanta le déanaí chun acmhainní digiteacha a chruthú don áis.

Déanfar athbhreithniú ar *Séideán Sí* chun forbairtí agus uasdátuithe féideartha don todhchaí a aithint, go háirithe i bhfianaise na n-athruithe curaclaim agus digiteacha atá tarlaithe ó foilsíodh é den chéad uair. Ullmhófar tuarascáil mhionsonraithe agus plean oibre molta don roinn lena mbreithniú. Beidh sé mar sprioc an t-athbhreithniú a chur i gcrích le linn tréimhse an chéad phlean gnímh don pholasaí (2025-2027). Bunófar na gníomhartha don dara plean gnímh ar thorthaí an athbhreithnithe sin.

Chomh maith leis an obair ar *Séideán Sí*, déanfar cláir nua a choimisiúnú don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht d'fhoghlaimeoirí i mbunscoileanna a bhfuil deacrachtaí litearthachta, amhail an disléicse, acu. Cinnteofar go bhfuil an obair seo comhtháite leis na forbairtí a bheidh á gcur i gcrích ar *Shéideán Sí*.

## 9.3 Acmhainní measúnaithe

Mhol Sealbhú sa tuairisc a chuir siad faoi bhráid na roinne go bhfuil gá le raon leathan measúnachtaí atá oiriúnach do shuíomhanna lán-Ghaeilge. Tá siad seo riachtanach chun measúnú cruinn a dhéanamh ar dhaltaí agus ar scoláirí trí mheán na teanga is oiriúnaí dóibh, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ach go háirithe.

Tá obair déanta ag COGG – mar chuid de na cúraimí atá orthu faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta – chun liosta de na huirlisí measúnaithe atá ann cheana a chur i dtoll a chéile chun cabhrú le scoileanna teacht orthu.

Tá obair ar siúl ag an bhForas Taighde ar Oideachas chun tuilleadh acmhainní measúnaithe a fhorbairt agus chun uasdátú a dhéanamh ar a bhfuil ann cheana. Áirítear leis seo forbairt ar an Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iar-bhunscoil – Gaeilge (MDLI-G)[7], atá forbartha i gcomhar leis an SNSO, mar aon le huasdátú ar thrialacha caighdeánaithe don Ghaeilge agus don Mhatamaitic. Beidh na tograí seo mar thosaíochtaí sa tréimhse atá romhainn faoin bpolasaí seo.

Fiosrófar na bearnaí atá ann maidir le huirlisí measúnaithe agus maidir le hacmhainní tacaíochta do riachtanais speisialta oideachais. Aithneofar na bealaí is éifeachtaí leis na bearnaí sin a líonadh, agus cuirfear gníomhartha i bhfeidhm dá réir. Tógfar ar an gcomhoibriú trasteorann maidir leis na háiseanna seo a fhorbairt.

Cé go bhfuil tábhacht ag baint le rochtain ar acmhainní measúnaithe suimitheacha cuí sa chomhthéacs lán-Ghaeilge, aithnítear in earnáil an oideachais gur mór an tionchar a imríonn measúnú foirmitheach éifeachtach ar fhoghlaim pháistí agus daoine óga araon, rud a chuirfear san áireamh agus aon treoir ar mheasúnú á forbairt don earnáil.

7 Is triail chaighdeánach litearthachta sa Ghaeilge í an "Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iar-bhunscoil – Gaeilge" (MDLI-G). Beidh sí ar fáil le húsáid in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge mar uirlis scagthástála agus dhiagnóiseach chun scileanna litearthachta a mheas. Is leagan Gaeilge comhionann í de na trialacha "Post-Primary Assessment & Diagnosis – English" (PPAD-E).

## 9.4 Taighde agus an teicneolaíocht

Sa Phlean Digiteach don Ghaeilge, a d'fhoilsigh An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2024, luaitear maidir le forbairt áiseanna go bhfuil "dlúth-chomhoibriú de dhíth idir taighdeoirí agus líonraí ina bhfuil foghlaimeoirí, múinteoirí, lucht deartha ábhair theagaisc" chun a chinntiú go mbeidh ábhair theagaisc den chéad scoth á gcur ar fáil, agus go mbainfear úsáid fhorleathan as na háiseanna sin. Tá obair fhiúntach ar siúl cheana féin sa réimse seo, go háirithe mar a bhaineann le foghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais.

Ag eascairt as an taighde idirnáisiúnta a rinne Sealbhú mar bhonn eolais don pholasaí seo, moladh go ndéanfaí taighde ar úsáid acmhainní digiteacha i suíomhanna tumoideachais a thacódh le húsáid na teicneolaíochta a fhás is a fhorbairt. Cuirfear maoiniú ar fáil chun an taighde sin a chur i gcrích, taighde gnímh ach go háirithe, rud a thacóidh le spriocanna an Phlean Dhigitigh a chur i bhfeidhm.

Mar a aithníodh thuas, tá gá le tuilleadh taighde i réimse na riachtanas speisialta oideachais, go háirithe ar ranganna speisialta i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge agus ar fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais ag an iar-bhunleibhéal. Tá Grúpa Stiúrtha Taighde, Beartas agus Cleachtas ag an roinn, a thugann le chéile aonaid polasaí éagsúla trasna na roinne agus comhlachtaí faoina coimirce. Déanfar iniúchadh ar na réimsí a aithnítear le haghaidh taighde sa pholasaí tríd an ngrúpa seo.

Tá an nuatheicneolaíocht fite fuaite i saol an lae inniu agus is den tábhacht é go bhfaigheadh daoine óga deis an oiread agus is féidir dá n-eispéireas oideachais a chaitheamh go nádúrtha trí Ghaeilge – úsáid na teicneolaíochta san áireamh. Dá bhrí sin, sa chás go bhfuil comhéadan Gaeilge de bhogearra, de chóras oibriúcháin nó de phacáiste teicneolaíochta eile ann, bheadh sé inmhianaithe go mbeadh an comhéadan Gaeilge sin i bhfeidhm mar réamhshocrú agus in úsáid go gníomhach i gcórais ríomhaireachta na scoileanna lán-Ghaeilge. Déanfar iarrachtaí – ag obair le forbróirí agus soláthraithe seirbhíse – cur le líon na mbogearraí agus na bpacáistí teicneolaíochta atá ar fáil trí Ghaeilge.

## 9.5 Comhsheasmhacht téarmaíochta

Ceann de na dúshláin a aithníodh sna grúpaí fócais le scoláirí iar-bhunscoile le linn an chomhairliúcháin ná go raibh difríochtaí, uaireanta, idir an téarmaíocht sna téacsleabhair a bhí á n-úsáid acu agus an téarmaíocht sna scrúduithe stáit. Cuirfear de chúram ar COGG bunachar téarmaíochta agus cuimhne aistriúcháin a fhorbairt, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Roinnfear an chuimhne aistriúcháin le haistritheoirí a bhíonn ag obair ar acmhainní teagaisc agus foghlama, ar pháipéir scrúduithe agus ar ábhar bainteach leis an gcuraclam. Cabhróidh sé seo le comhsheasmhacht a éascú sa téarmaíocht atá in úsáid, chun eispéiris foghlama agus measúnaithe dhearfacha a chinntiú do scoláirí.

# 10 Réimse gnímh: Teaghlaigh agus pobail a spreagadh



# 10 Réimse gnímh: Teaghlaigh agus pobail a spreagadh

Sna freagraí a fuarthas ar an gceistneoir ar líne a bhí mar chuid den chomhairliúchán don pholasaí, moladh don roinn tús áite a thabhairt do thacaíochtaí a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí ar mhaith leo an t-oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo – chun cur le líon na bhfoghlaimeoirí atá ag fáil oideachais trí Ghaeilge, chun bá agus grá don teanga agus don chultúr a chothú inár bhfoghlaimeoirí óga, agus chun pobal labhartha Gaeilge a chothú.

Tá ról ar leith glactha ag suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge le breis is 100 bliain anuas chun pobal labhartha Gaeilge a chothú lasmuigh den Ghaeltacht. Glacann ceannairí, múinteoirí agus foirne na scoileanna go fonnmhar leis an ról sin, ach aithnítear go bhfuil gá le comhoibriú a threisiú leis na heagraíochtaí Gaeilge agus le pobail na scoileanna chun an pobal labhartha sin a chothú agus a fhás.

## 10.1 Pobail a chruthú & a chothú

Díreofar faoin bpolasaí ar chomhoibriú a neartú idir scoileanna, teaghlaigh, pobail agus eagraíochtaí teanga chun timpeallacht Ghaelach a chruthú a thacóidh leis na múinteoirí agus na ceannairí scoile oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar. Tacóidh sé seo le próisis pleanála teanga atá ar bun cheana féin i mbailte timpeall na tíre.

Oibreoidh an Roinn Oideachais agus Óige leis an RFTPG agus leis na ceanneagraíochtaí ábhartha, chun tograí a chur ar bun do scoileanna agus dá bpobail, ag tógáil ar an méid atá á bhaint amach faoi láthair. Chun tacú le húsáid na Gaeilge mar theanga bheo, bheadh sé tairbheach do scoileanna naisc leis an nGaeltacht agus leis an earnáil óige lán-Ghaeilge áitiúil a chruthú agus a threisiú; fiosrófar bealaí le tacú le scoileanna na naisc sin a fhorbairt.

Cuirfear scéim phíolótach ar bun ina gcruthófar deiseanna do dhaltaí agus do scoláirí ó scoileanna lán-Ghaeilge éagsúla teacht le chéile i gcomhthéacsanna seach-churaclaim ar mhaithe le húsáid shóisialta na Gaeilge a normalú agus caidrimh trí Ghaeilge lasmuigh de shuíomh na scoile a chur chun cinn. Cruthóidh an togra seo nasc leis na heagraíochtaí Gaeilge atá ag feidhmiú agus ag cuir seirbhísí ar fáil sa cheantar, rud a chabhróidh le caidreamh fad-saoil leis an teanga a chothú.

## 10.2 Tacaíochtaí do thuismitheoirí/chaomhnóirí

Chun líon na ndaltaí/scoláirí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge a mhéadú, tá gá le tuismitheoirí a mhisniú agus a spreagadh an rogha sin a dhéanamh dá bpáistí.

Tá tacaíochtaí luachmhara á gcur ar fáil ag mórán scoileanna lán-Ghaeilge cheana féin lena n-áirítear, mar shampla, ranganna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta, acmhainní tacaíochta don obair bhaile, seisiúin eolais faoin tumoideachas agus faoi bhuntáistí an dátheangachais, naisc le líonraí Gaeilge agus imeachtaí Ghaeilge á eagrú don phobal scoile. Ní mór na tacaíochtaí sin a neartú agus a leathnú ar fud earnáil an oideachais lán-Ghaeilge.

Déanfar acmhainn nó acmhainní nuálacha a dhearadh do thuismitheoirí, chun cabhrú leo agus iad ag tacú lena bpáistí agus iad ag sealbhú na Gaeilge. Agus an obair seo idir lámha, beifear ag tógáil ar an obair atá déanta ag na heagraíochtaí Gaeilge go dtí seo chun acmhainní agus tacaíochtaí éagsúla a fhorbairt agus a chur ar fáil do thuismitheoirí, agus ag iarraidh na hacmhainní sin a tharraingt le chéile.

Tá réimse leathan ranganna Gaeilge ar fáil ar fud na tíre – trí scoileanna, trí na Boird Oideachais agus Oiliúna agus trí na ceanneagraíochtaí Gaeilge, i measc dreamanna eile. Is minic a fhreastalaíonn tuismitheoirí a bhfuil páistí acu i scoileanna lán-Ghaeilge ar na ranganna sin. Cuirfear gníomhartha ar bun i gcomhpháirt leis na ceanneagraíochtaí Gaeilge ábhartha agus leis na BOOanna chun tuismitheoirí a nascadh le ranganna a bheadh oiriúnach dóibh agus chun deiseanna a chur ar fáil do theaghlaigh bheith rannpháirteach i saol na Gaeilge.

## 10.3 Suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige lán-Ghaeilge – Naíonraí

Tacaíonn suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige lán-Ghaeilge, mar shampla naíonraí, le forbairt an pháiste, lena n-áirítear foghlaim agus sealbhú teanga. Sealbhaíonn páistí réamhscoile an Ghaeilge trí shúgradh agus trí eispéiris thumoideachais ar ard-chaighdeán. Tá plean náisiúnta á fhorbairt ag an RLMC don Ghaeilge d'earnáil fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus do chúram leanaí d'aois scoile. Aithníodh sa phróiseas comhairliúcháin go raibh tábhacht ag baint leis an leanúnachas ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige go dtí an bhunscolaíocht agus ar aghaidh go dtí an iar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge. Cuirfidh an obair atá ar siúl ag RLMC leis an leanúnachas seo d'fhoghlaimeoirí óga.

Tacaíonn an Roinn Oideachais agus Óige le húsáid foirgnimh agus tailte scoile chun seirbhísí oideachais agus cúraim na luath-óige agus seirbhísí cúraim leanaí in aois scoile a bhunú agus a sholáthar, fad is nach gcuireann sé isteach ar an soláthar oideachais riachtanach sa scoil. Tá na nósanna imeachta atá le leanúint ag scoileanna agus ag soláthróirí seirbhíse agus iad ag iarraidh foirgneamh scoile nó cuid de shuíomh scoile a úsáid chun seirbhís foghlama agus cúraim na luath-óige nó seirbhís cúraim leanaí in aois scoile lán-Ghaeilge a sholáthar le fáil sa cháipéis Nósanna imeachta maidir le húsáid réadmhaoin na scoile agus áiseanna spóirt scoile lasmuigh d'uaireanta scoile.

Tá suirbhé le reáchtáil ag an Roinn Oideachais agus Óige chun an t-éileamh ar an oideachas lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal a mheas. D'fhéadfaí go mbeadh eolas a bhailítear sa suirbhé sin cabhrach do RLMC chun tuiscint ar an éileamh do sheirbhísí lán-Ghaeilge a fhorbairt agus déanfar socruithe chun a bhfuil foghlamtha a roinnt go cuí.

## 10.4 Aistrithe

Tá obair ar siúl ag an Roinn Oideachais agus Óige i gcomhar leis an RLMC chun polasaí a fhorbairt maidir leis an aistriú ón mbaile go dtí an suíomh foghlama agus oideachais luath-óige agus ar aghaidh go dtí an bhunscoil. Cinnteofar go mbeidh sainriachtanais na bpáistí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge san áireamh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an pholasaí sin.

Aithnítear go bhfuil gá ar leith tacú le scoláirí trasnú ón mbunscoil go dtí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Bíonn buairt ar roinnt teaghlaigh – fiú iad siúd a roghnaigh an t-oideachas lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal – nach mbeadh an t-oideachas trí mheán na Gaeilge oiriúnach dóibh ag an iar-bhunleibhéal. Sa bhreis air sin, léiríodh sa tuairisc a d'fhoilsigh an roinn in 2023 maidir le soláthar oideachais lán-Ghaeilge go raibh céatadán ard scoláirí (thart ar 19%) a d'fhreastail ar Ghaelcholáistí tar éis dóibh a gcuid oideachais a fháil trí mheán an Bhéarla ag an mbunleibhéal. Tá gá ar leith tacú le na scoláirí mar seo a gcumas teanga a fhorbairt ionas go mbeidh siad in ann bheith páirteach i saol na scoile trí Ghaeilge agus dul i ngleic leis an gcuraclam iar-bhunscoile ón tús.

Cuirfear tacaíochtaí agus treoir ar fáil d'iar-bhunscoileanna a chuirfidh ar a gcumas tacú le scoláirí agus iad ag aistriú ón mbunscoil. Tá eiseamláirí dea-chleachtais ar fáil i scoileanna trasna na tíre, agus cuir chuige nuálacha agus cruthaitheacha glactha ag scoileanna chun an t-aistriú a dhéanamh níos éasca dá scoláirí. Cruthófar deiseanna leis an dea-chleachtas seo a roinnt idir scoileanna.

Tháinig sé chun solais sa chomhairliúchán don pholasaí go bhfuil roinnt scoláirí a roghnaíonn gan leanúint ar aghaidh ón mbunscoil lán-Ghaeilge go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge toisc go gceapann a dtuismitheoirí nach n-ullmhódh an iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge iad do chúrsaí trí Bhéarla ag an tríú leibhéal. Oibreoidh an Roinn Oideachais agus Óige agus an RBATNE i gcomhar le COGG agus leis an Údarás um Ard-Oideachas chun tuiscint a fháil ar an taithí a bhíonn ag mic léinn agus iad ag bogadh ón oideachas lán-Ghaeilge isteach sa tríú leibhéal, agus chun tacaíochtaí a bheadh cabhrach a aithint agus a chur ar fáil más gá.

# 11 Cur i bhfeidhm & meastóireacht



# 11 Cur i bhfeidhm & meastóireacht

## 11.1 Plean gnímh agus maoiniú

Tá plean gnímh foilsithe taobh leis an bpolasaí seo a chlúdaíonn an chéad dá bhliain den pholasaí – Deireadh Fómhair 2025 go Meán Fómhair 2027. Aithnítear sa phlean sin na gníomhartha atá beartaithe a ghlacadh sa tréimhse sin chun bogadh i dtreo an fhís atá leagtha amach sa pholasaí a bhaint amach. Tá sprioc ama luaite le gach gníomh, agus eagraíocht(aí) aitheanta a bheidh freagrach as é a chur i bhfeidhm.

Foilseofar dara plean gnímh ag tús na scoilbhliana 2027/28 a chlúdóidh an chéad tréimhse eile den pholasaí. Tógfar sa phlean sin ar na gníomhartha ón gcéad phlean gnímh agus aithneofar gníomhartha breise le cur san áireamh. Foilseofar pleananna gnímh dá réir ina dhiaidh sin.

Lorgófar maoiniú do ghníomhartha an pholasaí mar chuid de phróiseas meastacháin bliantúil na Roinne Oideachais agus Óige. Beidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha aitheanta, agus na spriocanna ama luaite leo, ag brath ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh ar fáil don roinn faoin bpróiseas seo.

## 11.2 Comhoibriú trasearnála & coiste comhairleach

Agus an polasaí seo á chur i bhfeidhm, beidh sé riachtanach meitheal a chruthú, a thabharfaidh na páirtithe leasmhara éagsúla le chéile go comhoibríoch chun tacú leis an earnáil oideachais lán-Ghaeilge. Trí fhorbairt an phlean, aithníodh deiseanna chun eagraíochtaí éagsúla a thabhairt le chéile chun oibriú ar thograí agus ar thionscnaimh, lena n-áirítear an tascfhórsa maidir le múnlaí soláthair. Leanfar leis na deiseanna sin a aithint nuair a bheidh an polasaí á chur i bhfeidhm agus na pleananna gnímh a leanfaidh á bhforbairt.

Tionólfar coiste comhairleach, comhdhéanta d'ionadaithe ó na páirtithe leasmhara, a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí agus an phlean gnímh, agus a chuirfidh comhairle ar an roinn, de réir mar is cuí. Tabharfaidh cruinnithe den choiste comhairleach deis do na heagraíochtaí ábhartha éagsúla deiseanna a aithint comhoibriú ar thograí a bheidh á gcur i bhfeidhm faoin bpolasaí, agus sineirgí a chruthú.

## 11.3 Meastóireacht ar an bpolasaí

Le cinntiú go bhfuil an inbhuanaitheacht lárnach i gcur i bhfeidhm an pholasaí, beidh sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar éifeachtacht an pholasaí agus an phlean gnímh. Deanfaidh an roinn creat meastóireachta agus samhail loighce a fhorbairt. Aithneofar leis sin na spriocanna gearr-, meán- agus fad-tréimhseacha ábhartha d'fhonn meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an pholasaí. Cabhróidh sé sin le tionchar an pholasaí a mheas, agus beidh torthaí an taighde sin mar bhonn eolais d'fhorbairt phleananna gnímh a leanfaidh. Díreofar sa taighde ar an tionchar a bheidh ag na gníomhartha faoin bpolasaí ar scoileanna agus ar thorthaí oideachais na ndaltaí agus na scoláirí.

Trí thuarascálacha na Cigireachta, gheofar léargais fhoirmitheacha, chomh maith, ar thionchar an pholasaí ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge, agus ar éifeachtacht chur i bhfeidhm an pholasaí.

Beidh ról lárnach ag an gcoiste comhairleach chun maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an pholasaí agus an phlean gnímh, agus ar an dul chun cinn a bheidh á dhéanamh chun na spriocanna aitheanta a bhaint amach.

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| CCEA | Council for the Curriculum, Examinations & Assessment, Tuaisceart na hÉireann |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| CRS | Cúntóir riachtanas speisialta |
| CSS | Coimisiún na Scrúduithe Stát |
| CTET | Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha |
| DUL | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| EPSEN | Education for Persons with Special Educational Needs |
| FCÁT | Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga |
| FCLÓ | Foghlaim agus cúram na luath-óige |
| MGO | Máistir Gairmiúil san Oideachas |
| OTM | Oideachas tosaigh múinteoirí |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| RFTPG | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta |
| RLMC | An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| TGMI | Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile |

# Leabharliosta

De Brún, J., Ó Duibhir, P., Ní Dhiorbháin, A. & Ó Floinn, C. (2023). *Comhairliúchán don pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Tuairisc ar na haighneachtaí.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

Nic Aindriú, S., Ó Duibhir, P., & Travers, J. (2020). The prevalence and types of special educational needs in Irish immersion primary schools in the Republic of Ireland. *European Journal of Special Needs Education*, pp. 1-17.

Ní Ghealbháin, M & Ó Duibhir, P. (2023). *Comhairliúchán don pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Tuairisc ar na grúpaí fócais.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

Ní Dhiorbháin, A., Ó Duibhir, P. & Ó Floinn, C. (2023). *Comhairliúchán don pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Tuairisc ar dhlínsí comparáideacha.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M & Uí Chonghaile, M. (2024). *Soláthar reatha sna haonaid lán-Ghaeilge: Saincheisteanna a bhaineann le bunú, bainistiú agus buanú: Tuarascáil taighde.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Duibhir, P., Ní Dhiorbháin, A., Ó Floinn, C. & de Brún, J. (2023). *Comhairliúchán don pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Gearrthuairisc ar fhreagraí an phobail ar an gceistneoir.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

Ó Duibhir, P., Ní Dhiorbháin, A., Ó Floinn, C. & de Brún, J. (2023). *Comhairliúchán don pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Tuarascáil ar fhreagraí an phobail ar an gceistneoir.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

Ó Duibhir, P., Ní Dhiorbháin, A., Ó Floinn, C., de Brún, J. & Ní Ghealbháin, M. (2023). *Comhairliúchán don pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Achoimre ar na moltaí don pholasaí.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais (2021). *Réamhthuarascáil mar Bhonn Eolais d'Fhorbairt Polasaí don Earnáil Lán-Ghaeilge Lasmuigh den Ghaeltacht: Bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: a raibh le rá ag cigirí.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais (2021). *Réamhthuarascáil mar Bhonn Eolais d'Fhorbairt Polasaí don Earnáil Lán-Ghaeilge Lasmuigh den Ghaeltacht: Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: a raibh le rá ag cigirí.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais (2022). *Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Soláthar Reatha agus Réamh-mheastacháin don Todhchaí.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

| An Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Plean Gnímh 2025-27 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Úinéir** | **Le tacaíocht ó** | **Amlíne** |
| **An earnáil a fhás** | | | |
| Riachtanais na hearnála lán-Ghaeilge a chur san áireamh agus an plean straitéiseach d'fhórsa saothair an oideachais á fhorbairt | ROÓ | | Q3 2027 |
| Clár MGO trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile a bhunú | ROÓ | Institiúid Ardoideachais | Q3 2025 |
| Tacaíochtaí a chur ar fáil chun clár MGO trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí iar-bhunscoile a bhunú in oirthear na tíre | ROÓ | Institiúid Ardoideachais | Q3 2027 |
| Scéim a bhunú chun tacú le h-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge múinteoirí a chomhroinnt | ROÓ | COGG | Q3 2025 |
| Tacaíochtaí do CRSanna i scoileanna lán-Ghaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil lena n-áirítear tacaíochtaí teanga agus oiliúint ar an tumoideachas | COGG | ROÓ, Ionaid Tacaíochta Oideachais, An Foras Pátrúnachta, Gaeloideachas, SNOS, CNOS | Q4 2026 |
| An ríomh-mhol a leathnú amach chuig suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht | ROÓ | BOOÉ | Q3 2025 |
| Gaelcholáiste Shráid Synge a oscailt | ROÓ | COGG, Oide | Q3 2026 |
| Suirbhé a reáchtáil chun eolas a bhailiú ar an t-éileamh don oideachas lán-Ghaeilge | ROÓ | | Q4 2025 |
| Tascfhórsa ar mhúnlaí soláthar oideachais lán-Ghaeilge a bhunú | ROÓ | | Q4 2025 |
| Acmhainní a leithdháileadh ar aonad tiomnaithe sa roinn chun díriú go straitéiseach ar an soláthar oideachais lán-Ghaeilge a fhorbairt agus a fhás | ROÓ | | Q4 2026 |
| Plean cumarsáide agus feachtas cumarsáide faoin oideachas lán-Ghaeilge a dhearadh agus a sheoladh, a chuimseoidh cumarsáid ar bhonn leathan ar bhuntáistí an tumoideachais, chomh maith le straitéisí cumarsáide agus éascaithe níos spriocdhírithe maidir le deiseanna áitiúla ar leith | ROÓ | COGG, Eagraíochtaí Gaeilge | Forbairt le cur i gcrích roimh Q2 2026.<br>Ar leannúint nuair atá forbartha. |

| An Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Plean Gnímh 2025-27 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Úinéir** | **Le tacaíocht ó** | **Amlíne** |
| **Caighdeáin agus treoir a fhorbairt** | | | |
| Moltaí an tascfhórsa a chur faoi bhráid na roinne agus an Aire Oideachais agus Óige, lena n-áireofar caighdeáin agus critéir do na múnlaí soláthar oideachais lán-Ghaeilge sainaitheanta | ROÓ | | Q4 2026 |
| Scéim(eanna) a dhearadh agus a sheoladh chun aitheantais agus tacaíocht a thabhairt do mhúnlaí soláthar oideachais lán-Ghaeilge, bunaithe ar na critéir comhaontaithe ag an tascfhórsa | ROÓ | | Q1 2027 |
| Táscairí dea-chleachtais a fhorbairt agus a fhoilsiú do mhúnlaí oideachais lán-Ghaeilge | COGG & ROÓ | ROÓ | Q3 2027 |
| Cuairteanna tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna chun tacú leo na caighdeáin/critéir a bhforbrófar a chur i bhfeidhm | COGG & ROÓ | ROÓ | Leanúnach ó Q3 2027 |

| An Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Plean Gnímh 2025-27 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Úinéir** | **Le tacaíocht ó** | **Amlíne** |
| **Tacú leis an gcleachtas gairmiúil** | | | |
| Deiseanna foghlama gairmiúla ar ghnéithe éagsúla den oideachais lán-Ghaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre | Oide, COGG, CNOS, SNOS | ROÓ | Leanúnach |
| Iniúchadh a dhéanamh ar conas is fearr is féidir le cláir OTM tacú le múinteoirí faoi oiliúint na scileanna agus na cumais atá riachtanach don earnáil lán-Ghaeilge a fhorbairt, mar chuid den chéad athbhreithniú eile ar Céim, tar éis plé le AOG, AGSMB agus páirtithe leasmhara ábhartha | An Chomhairle Múinteoireachta | | Q3 2027 |
| Moltaí maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge ón athbhreithniú ar Acht EPSEN 2024 a chur i bhfeidhm | ROÓ | CNOS, SNOS, FTO, COGG, An Foras Pátrúnachta | Le deimhniú i bplean moltaí |
| Treoir ar riachtanais speisialta oideachais do bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a fhoilsiú | COGG | ROÓ, CNOS, SNOS, CNCM | Q4 2026 |
| Méadú ar na deiseanna foghlama gairmiúla atá ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge faoi conas tacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear deacrachtaí litearthachta | CNOS, SNOS, COGG | | Leanúnach |
| Deiseanna a fhiosrú maidir le clár dioplóma iarchéime san oideachas ionchuimsitheach agus speisialta trí mheán na Gaeilge a bhunú | ROÓ | CNOS | Q3 2027 |
| Líonra a bhunú d'eagraíochtaí a bhíonn ag plé le riachtanais speisialta oideachais san earnáil lán-Ghaeilge | COGG | ROÓ, CNOS, SNOS, Oide, CNCM, Gaeloideachas | Q1 2026 |
| Deiseanna foghlama gairmiúla a chur ar fáil do scoileanna maidir leis an nGaeilge mar Theanga Bhreise | Oide | ROÓ | Q4 2025 |
| Treoir a fhoilsiú do scoileanna maidir leis an nGaeilge mar Theanga Bhreise | ROÓ | COGG, Oide | Q4 2025 |
| Clár don Ghaeilge mar Theanga Bhreise a fhorbairt | COGG | ROÓ | Q3 2027 |

| An Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Plean Gnímh 2025-27 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Úinéir** | **Le tacaíocht ó** | **Amlíne** |
| **Tacú leis an gcleachtas gairmiúil** | | | |
| Tógáil ar na pobail chleachtais atá bunaithe do mhúinteoirí ábhar in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge chun roinnt an dea-chleachtais a éascú | COGG, BOOÉ, Oide | Ionaid Tacaíochta Oideachais | Leanúnach |
| Pobail chleachtais a bhunú do mhúinteoirí bunscoile lán-Ghaeilge chun roinnt an dea-chleachtais a éascú | COGG, Oide | Ionaid Tacaíochta Oideachais | Q3 2026 |
| Pobail chleachtais a bhunú do CRSanna i scoileanna lán-Ghaeilge | COGG | Ionaid Tacaíochta Oideachais, An Foras Pátrúnachta, Gaeloideachas | Q3 2026 |

| An Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Plean Gnímh 2025-27 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Úinéir** | **Le tacaíocht ó** | **Amlíne** |
| **Inniúlacht teanga a chothú** | | | |
| Tús a chur le huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge a chur ar fáil do shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ar bhonn céimneach | ROÓ | COGG | Q3 2025 |
| Deiseanna a fhiosrú chun tacú le suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge deiseanna a chur ar fáil dá ndaltaí/scoláirí tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht | ROÓ | RTFPG, ROÓ, COGG | Q3 2027 |
| Tuilleadh deiseanna a chur ar fáil, a bheadh saor in aisce (nó ar chostas íseal), do cheannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge feabhas a chur ar a n-inniúlacht teanga | COGG | ROÓ, Ionaid Tacaíochta Oideachais, RFTPG | Leanúnach |
| Obair leis na hinstitiúid ardoideachais chun deiseanna nuálacha, spreagúla, cumarsáideacha a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint agus do mhic léinn Gaeilge a gcuid Gaeilge a fheabhsú, agus muinín a thabhairt dóibh múineadh trí Ghaeilge | ROÓ | Institiúid Ardoideachais | Leanúnach |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an TGMI i gcomhthéacs na bhforbairtí atá tarlaithe ó dearadh é in 1999 (CEFR/TEG san áireamh), agus i gcomhthéacs na gcritéir a leagfar amach do mhúnlaí oideachais lán-Ghaeilge | ROÓ | CSS, TEG | Q1 2027 |
| Deiseanna a chur ar fáil do ghairmithe oideachais feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge | COGG | RTFPG, BOOÉ, Ionaid Tacaíochta Oideachais | Leanúnach |
| Obair le heagraíochtaí gairmithe oideachais le cinntiú go bhfuil comhairle thaighde-bhunaithe á cur ar theaghlaigh agus ar scoileanna maidir le foghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge | ROÓ | COGG, CNOS, SNOS | Q3 2027 |

| An Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Plean Gnímh 2025-27 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Úinéir** | **Le tacaíocht ó** | **Amlíne** |
| **Acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe a sholáthar** | | | |
| Acmhainní a chur ar fáil do COGG a chuirfidh ar a gcumas dlús a chur leis an obair acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe a sholáthar don earnáil lán-Ghaeilge, agus taighde ar an oideachas lán-Ghaeilge a choimisiúnú | ROÓ | ROÓ | Leanúnach |
| Athbhreithniú ar Séideán Sí a chur i gcrích, agus plean gnó, lena n-áirítear buiséad don mhaoiniú riachtanach, bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe a chur faoi bhráid na roinne lena bhreithniú | Foras na Gaeilge | ROÓ, COGG | Q4 2026 |
| Clár don léitheoireacht agus don litriú Gaeilge a choimisiúnú chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí litearthachta amhail disléicse acu | COGG | ROÓ, Foras na Gaeilge, SNOS, CNOS | Q2 2027 |
| Bearnaí a aithint maidir le soláthar acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe chun freastal ar fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais | COGG | ROÓ, FTO, CNOS, SNOS | Q2 2026 |
| Taighde gnímh a mhaoiniú ar úsáid na teicneolaíochta i suíomhanna tumoideachais, lena n-áirítear áiseanna leictreonacha/IS | COGG | ROÓ | Leanúnach |
| Deiseanna a fhiosrú maidir le logánú Gaeilge a dhéanamh ar bhogearraí agus ar phacáistí teicneolaíochta atá in úsáid i suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge | ROÓ | RTFPG | Q3 2027 |
| Bunachar téarmaíochta agus cuimhne aistriúcháin a fhorbairt a bheadh le húsáid i bhforbairt acmhainní foghlama, teagaisc agus measúnaithe ag an iar-bhunleibhéal, agus iad a roinnt mar is cuí | COGG | CNCM, CSS, Oide, ROÓ, An Coiste Téarmaíochta | Q4 2026 |

| An Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Plean Gnímh 2025-27 | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomh** | **Úinéir** | **Le tacaíocht ó** | **Amlíne** |
| **Teaghlaigh agus pobail a spreagadh** | | | |
| Scéim phíolótach 'Foraois' a bhunú i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun pobal lán-Ghaeilge a chruthú thart ar chnuasach scoileanna | ROÓ, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Conradh na Gaeilge | Q3 2025 |
| Áis(eanna) nuálach(a) a fhorbairt chun cabhrú le tuismitheoirí agus iad ag tacú lena bpáistí an Ghaeilge a shealbhú | ROÓ | Gaeloideachas, Foras na Gaeilge | Q2 2026 |
| Teachtaireachtaí ón suirbhé maidir leis an éileamh ar an oideachas lán-Ghaeilge a roinnt le RLMC chun tacú leo tuiscint a fhorbairt ar an éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge | ROÓ | RLMC | Q3 2026 |
| Sainriachtanais na bpáistí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge a chur san áireamh i bhforbairt an pholasaí ar aistrithe | BOÓ, RLMC | | Le deimhniú |
| Tacaíochtaí breise a bheadh tairbheach do scoláirí ag aistriú ó bhunscoil meán-Bhéarla go iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a aithint | COGG | SNOS, CNOS, ROÓ | Q3 2026 |
| Dea-chleachtas in iarbhunscoileanna maidir le tacú le scoláirí ag aistriú ón mbunscoil a aithint agus a roinnt | COGG | SNOS, CNOS, ROÓ | Leanúnach |
| Tuiscint a fháil ar thaithí mac léinn agus iad ag bogadh ón oideachas lán-Ghaeilge isteach sa tríú leibhéal agus ar aon tacaíochtaí a bheadh cabhrach dóibh | RBATNE, COGG | ROÓ, An tÚdarás um Ard-Oideachas | Q2 2027 |
| Gníomhartha eile | | | |
| Tograí a chur i ngnímh chun tionchar an pholasaí a mheas go gearr-, meán- agus fad-thréimhseach | ROÓ | ROÓ | Q2 2026 |